Instituíd Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2020 - 2021



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# Stair IOM, Fís agus Misean

## Stair

Tá oidhreacht bhródúil ag Institiúid Oideachais Marino as bheith ina soláthraí ardoideachais le haghaidh níos mó ná céad bliain. Bunaíodh í i 1905 mar lárionad Oideachais, Taighde agus Teagaisc na mBráithre Críostaí, agus d'éirigh an coláiste ina sholáthraí aitheanta oideachais do mhúinteoirí i 1929. Nuair a tugadh an Baitsiléir Oideachais isteach i 1976, d'éirigh IOM ina Choláiste Comhlachaithe de Choláiste na Tríonóide. Tháinig rath ar an gcaidreamh sin thar na blianta, agus in 2011 chuaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le Cúige Eorpach na mBráithre Críostaí le bheith ina gcomh-iontaobhaithe Institiúid Oideachais Marino.

## Misean

Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea IOM atá tiomanta do chuimsiú, cáilíocht agus barr feabhas san oideachas a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal. Tá dínit agus cumas gach duine agus an tóraíocht ar shochaí chóir agus ar phláinéad inbhuanaithe ag croílár ár saoil, ár gcuid oibre agus ár seirbhíse.

## Fís

Le bheith inár nguth sainiúil maidir le hoideachas cóir, inbhuanaithe agus claochlaitheach do chách a éascú.

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*

# Clár na nÁbhar


Réamhrá Ó Chathaoirleach An Bhoird Rialaithe . . . 2
Fáilte Ón Uachtarán . . . 3
Grianghraif a Thugann Léargas ar Bhliain ag IOM . . . 4
An Plean Straitéiseach Nua a Phleanáil 2021-2026 . . . 5
An Fhreagairt ar Covid-19 . . . 10
Tuarascálacha Ceannaireachta . . . 12
Teagasc & Foghlaim . . . 20
Comhdhálacha, Féilte agus Pobal . . . 22
Tionscnaimh Folláine . . . 26
Gníomhaíocht Idirnáisiúnta . . . 28
An Scéala is Déanaí Maidir le Tionscadail . . . 30
Ag Dul ar Scor agus Ceapacháin Nua . . . 35
Bronnadh na Céime . . . 36







# Réamhrá

## Ó Chathaoirleach An Bhoird Rialaithe

Nuair a fhéachaimid siar ar an mbliain acadúil 2020/2021 is léir do chách gur athraigh oideachas ó bhonn le linn na tréimhse sin. De dheasca na paindéime COVID-19 a lean ar aghaidh agus ar aghaidh, ní raibh an dara rogha ag institiúidí ardoideachais ar fud an domhain ach bealaí nua a aimsiú chun dul i dteagmháil le mic léinn agus baill foirne, an nuálaíocht a ghlacadh chucu féin i gcúrsaí oideolaíochta agus cur chuige inbhuanaithe a thabhairt isteach i leith taighde agus oideachais.

Bím buíoch agus bródúil araon nuair a smaoiním ar conas mar a chuaigh IOM i ngleic leis an bpaindéim COVID-19 i gcaitheamh na tréimhse seo.  Ba thréimhse í seo inar tháinig nádúr fadtéarmach na ndúshlán cruthaithe ag COVID-19 chun solais i slí níos soiléire.  Ba í an chloch is mó ar phaidrín na hInstitiúide ná gach gné d'eispéireas na mac léinn a chosaint. Bhí ceannaireacht, comhoibriú, comhbhá agus diongbháilteacht na foirne is na mac léinn IOM go hiontach.

Tugadh athruithe isteach a chinntigh ní hamháin go leanfaí lenár dtaighde, oideachas agus plé leis an bpobal, ach i gcásanna áirithe leathnaigh na hathruithe seo scóip ár gcuid oibre chomh maith le hé a fheabhsú. Samplaí den iliomad tionscnamh nua a spreag an phaindéim is ea an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar Líne do mhúinteoirí, seimineáir thaighde agus oideachais, tionscnaimh folláine agus Scoil Samhraidh ina raibh daoine i láthair go pearsanta ach é coimeádta go cúramach agus a chinntigh go raibh ár ngníomhaíochtaí faoi bhláth le linn na tréimhse nua seo de rannpháirtíocht.

Agus í ag iarraidh a bealach a dhéanamh trí chúinsí luaineacha na paindéime, lean an Institiúid ar aghaidh ó thaobh na dtionscadal atá ar bun aici cheana a chur chun cinn go náisiúnta agus hidirnáisiúnta agus í ag brú ar aghaidh le tionscnaimh nua. Forbraíodh na bunchlocha do Phlean Straitéiseach 2021-2026 sa tréimhse seo, agus comhairliúchán leathan le foireann IOM, mic léinn agus páirtithe leasmhara mar bhonn faoi. Ón bplé sin forbraíodh fís uaillmhianach d'IOM, le linn agus mar ullmhú le haghaidh tréimhse éiginnteachta. Leagann sé amach cosán a chuirfidh ar chumas IOM teacht faoi bhláth sna blianta atá amach romhainn agus féachaint go dóchasach ar a bhfuil i ndán dúinn.



Thar ceann mo chomhaltaí ar Bhord Rialaithe de chuid IOM, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Teresa O'Doherty agus lena foireann ceannaireachta as ucht an Institiúid a mhaoirsiú le linn 2020/2021. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann riaracháin, bainistíochta agus teagaisc as ucht a dtiomantas gan staonadh, ní hamháin d'oibríochtaí na hInstitiúide, ach do na bunluachanna freisin.

Agus gan amhras ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na mic léinn as a bheith chomh foighneach, tuisceanach agus solúbtha sin agus sinn fós i mbun ceacht á fhoghlaim i dteannta a chéile faoi cé chomh cumhachtach is atá teacht aniar i ndaoine.

**An tOllamh Linda Hogan**

*Ollamh Éacúiméinice, Scoil na Reiligiún,*
*Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.*
*Cathaoirleach ar Bhord Rialaithe de chuid IOM.*

# FÁILTE


## Ón Uachtarán

Ba dhúshlánach an bhliain í 2020/2021, ach bhí pobal IOM inchurtha leis an dúshlán seo agus iad lán de theacht aniar agus d'fhuinneamh. Ag tús na bliana, le linn dúinn aghaidh a thabhairt ar fhilleadh ar léachtaí, bhí a fhios againn go mbeadh tionchar níos fadtéarmaí ag COVID-19 ar ár n-oibríochtaí, agus níor mhór dúinn oiriúnú dá réir sin, agus ár gCoiste COVID-19 dár maoirsiú go dúthrachtach le linn dúinn an obair athchóirithe sin a chur i bhfeidhm.

Is mór é mo mheas ar conas mar a chuaigh ár bhfoireann, mic léinn agus pobal IOM i ngleic leis an dúshlán sin leis an oiread sin gairmiúlachta, béasa, agus dóchais, agus iad i mbun an tslí ina múinimid agus ina bhfoghlaimímid a fhorbairt, chomh maith le conas a phléimid agus a thacaímid lena chéile ar bhonn gairmiúil, agus conas a chabhraímid lena chéile chun an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil againn a chosaint: sé sin, ár gcuid sláinte agus folláine.

Ní hamháin go raibh a lán athruithe ag baint leis an mbliain seo ach bhí go leor fáis agus forbartha ag baint léi freisin agus cé go rabhamar ag obair go cianda formhór an ama, bhí an bhraistint ann i gcónaí go raibh Marino cóngarach dúinn. Chonaiceamar conas mar a tháinig claochlú digiteach in inmhe san Institiúid, agus dlús curtha leis seo tríd an bpróiseas 'TELMiE about IT' ina ndeachthas i mbun plé leis an bhfoireann agus trí infheistiú réamhbheartaithe cúramach a dhéanamh in acmhainní ar líne agus i múineadh agus foghlaim chumaisc. Chuir sé seo lenár scóip ar mhórán slite chomh maith lenár bplé le pobail i bhfad i gcéin ónár gceantar máguaird. Roghnaigh an t-uafás daoine ár Laethanta Oscailte fíorúla, ár seimineáir ghréasáin agus ár gcláir FGL ina gcruth nua ar líne, agus ba léiriú dóchais amháin é seo le linn tréimhse chorrach do sholáthar an oideachais.

Léiriú is ea cé chomh bríomhar is atá an saol i Marino - bíodh sé sin i bhfoirm daoine i láthair go pearsanta nó go fíorúil - ar an mianach atá inár bhfoireann agus inár mic léinn, agus is éachtach líon na ngníomhaíochtaí a rinne siad le linn 2020/2021. I measc seo bhí Scoileanna Samhraidh Amuigh faoi Aer a reáchtáladh mar chabhair do dhaltaí scileanna a choimeád i gcaitheamh na míonna saor ón scoil agus Scoil Gheimhridh idirnáisiúnta d'oideoirí maidir le féiniúlacht ghairmiúil a chothú, chomh maith le bheith mar óstach do mhórimeachtaí leithéid comhdháil Chumann Léann Oideachais na hÉireann agus comhdháil Taighde Oideachais na Múinteoirí agus na Mac Léinn.



Tá tiomantas don sármhaitheas mar bhunús le hobair IOM agus ba mhór an tógáil croí é an oiread sin d'fhoireann IOM a fheiceáil ag fáil aitheantais trí ghradaim náisiúnta in 2021. Chomh maith leis an ngearrliosta a bhaint amach i dtrí chatagóir i nGradaim Oideachais an *Irish Times*, fuair naonúr ball foirne Gradaim Laochra Teagaisc ag Gradaim Ghaisce de chuid AMLÉ. Lena chois sin, bíonn ár ráta freagartha agus ár dtorthaí ar StudentSurvey.ie go seasta ar leibhéal ard. Is léiriú iad na tagarmharcanna seo ar an sineirge idir an fhoireann agus na mic léinn ag IOM, agus léiríonn siad ár mbuanna maidir le comhthuiscint a chothú le mic léinn agus iad a spreagadh, chomh maith le splanc an oideachais a adhaint don todhchaí.

I gcaitheamh na bliana ghlacamar páirt i bpróiseas comhairliúcháin cuimsitheach agus atriallach, agus leagamar an bhunchloch dár bPlean Straitéiseach 2021-2026, *Oideacheacha ag Bunathrú Saolta chun Feabhais*. Nuair a sheolfar an Plean seo sa bhliain acadúil romhainn socróidh sé clár oibre uaillmhianach don Institiúid don chéad chéim eile dár bhforbairt.

**An tOllamh Teresa O'Doherty**

*Uachtarán IOM*

# Grianghraif a Thugann Léargas ar Bhliain ag IOM

### Meán Fómhair 2020

**Tús curtha leis an bpróiséas TELMiE; méadú 13% ar líon na mac léinn cláraithe; céiliúradh Seachtain na Matamaitice**

### Deireadh Fómhair 2020

**FÉILTE – mac léinn IOM ag cur a gcuid taighde i láthair**

### Samhain 2020

**Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta agus Tionscnaimh Folláine - Movember agus 'Lonraigh do Sholas'**

### Mí na Nollag 2020

**Ócáid bronnta céime ar líne agus searmanas bronnta teastais dóibh siúd a chríochnaigh an Tionscadal Um Mhúinteoirí Imirceacha**

### Eanáir 2021

**Seimineáir Ghréasáin an Earraigh; Lá Oscailte Fíorúil**

### Feabhra 2021

**Torthaí StudentSurvey.ie ráta freagartha de 49.7% ag IOM; seoladh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**

### Márta 2021

**IOM mar óstach do chomhdháil Chumann Léann Oideachais na hÉireann; córas párolla CORE-HR a chur i bhfeidhm**

### Aibreán 2021

**Sheol an tAire Simon Harris an Chomhdháil STER**

### Bealtaine 2021

**ResearchMeet agus TeachMeet ar siúl; Aimníodh IOM do thrí chinn de Ghradaim Oideachais de chuid an Irish Times 2021**

### Meitheamh 2021

**Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha**

### Iúil 2021

**Scoileanna Samhraidh Amuigh faoin Aer do dhaltaí agus do mhúinteoirí**

### Lúnasa 2021

**Thoasigh na múinteoirí nua-cháillithe ón togra TOBAR ar a ngairm**

# An Plean Straitéiseach Nua a Phleanáil 2021-2026

Leagadh an bhunchloch le haghaidh ár Plean Straitéiseach IOM i gcomhair 2021-2026 le linn na bliana acadúla 2020/2021. Cuireadh an Plean le chéile trí phróiseas comhoibríoch ar fud na hInstitiúide, agus aird á tabhairt ar dhóchas agus riachtanais phobal IOM. Thug IOM 75 cuireadh pearsanta do pháirtithe leasmhara ó 66 eagraíocht dul i mbun comhairle maidir le Plean Straitéiseach IOM a fhorbairt.

2021-2026. Le cois an chomhairliúcháin spriocdhírithe seo, chuir an Institiúid nóta suas ar a suíomh gréasáin agus chuir sí fógra in iris *InTouch* inar cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ó dhaoine nó eagraíochtaí leasmhara.

Reáchtáladh líon suntasach seisiún ceardlainne i measc na foirne inmheánaí inar úsáideadh an mhodheolaíocht chomhairliúcháin foirne le linn shamhradh 2020. Ó Mheán Fómhair, tionóladh Coiste Pleanála Straitéisí, ina raibh 11 ionadaí: duine ó gach ceann de na cúig roinn acadúla, agus ionadaí ó TF, ón Leabharlann, ón Oifig Airgeadais, ón ionad Comhdhála agus Saoráidí, agus ón Oifig Oideachais. Tháinig an Coiste seo le chéile go rialta, agus d'fhéach sé chuige go raibh próiseas na Pleanála Straitéisí ina ábhar bríomhar díospóireachta laistigh de gach roinn ar bhonn leanúnach.

Roghnaíodh ionadaithe ó gach rang agus cóhort mac léinn go randamach agus iarradh orthu páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais. Lena chois sinn, tionóladh roinnt grúpaí fócais alumni freisin. Ag céimeanna difriúla, ghlac an Bord Rialaithe páirt i gceardlanna a bhain le tosaíochtaí don Institiúid agus forbairt éabhlóideach an Phlean.

Bhí ról ríthábhachtach ag Ceannairí na Ranna sa phróiseas freisin. Maidir leis an eolas agus an fhoghlaim a d'eascair as an bpróiseas rannpháirtíochta seo, is é an toradh a bhí air ná an Plean Straitéiseach agus choimeád sé sin ár n-aird ar an todhchaí le linn tréimhse dúshlánach.

| **Seo a leanas baill Choiste Foirne Phlean Straitéiseach 2021-2026** | | |
|---|---|---|
| An Dr Maire Nuinseann | An Dr Karin Bacon | Ian Blount |
| Ciara Reilly | An Dr Sandra Austin | Julie O'Donnell |
| Claire Murphy | Mai Ralph | An Dr Aiveen Mullally |
| Maureen McDonagh | Patrick Geary | Caoileann Ní Dhonnchadha |
| Maya Marcos | An Dr Gerry O'Connell | |

## Ís í ár n-uaillmhian leis an bPlean Straitéiseach a d'eascair as seo ná

- Go bhfuil timpeallacht foghlama ionchuimsitheach ann d'fhoghlaimeoirí, agus oideachas inbhuanaithe mar chroílár a gcuraclam, áit a spreagtar iad peirspictíocht dhomhanda a ghlacadh i leith gach ruda a dhéanann siad agus áit a bhféachtar chuige go mbeidh siad ullamh chun a bheith ina n-oidí spreagúla do chách laistigh de dhomhan atá ag athrú ar luas lasrach.
- Go dtabharfar tacaíocht dár bpobal foirne bríomhar, cumasach agus tiomanta chun fás agus forbairt, chun obair ar bhealach comhaontaithe, chun freagairt go cruthaitheach maidir le riachtanais shochaíocha atá ag teacht chun cinn i dtaca le cláir nua a dhearadh, chun dul i mbun taighde a bhfuil tionchar ag baint leis, chun caidrimh a fhorbairt agus chun a dtuairimí a chur in iúl i bhforbairt oideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Gur féidir lenár nInstitiúid tógáil ar ár láidreachtaí laistigh de thimpeallacht dhomhanda, chun ár bhfuinneamh agus ár n-acmhainní a dhíriú ar na deiseanna iomadúla atá ar fáil dúinn a thapú, agus lena chinntiú go mbeidh dínit gach duine agus ár dtiomantas i dtaobh forbairt inbhuanaithe mar bhunús dár gcinnteoireacht.



# Rialachas

Leis an Ionstraim Rialachais (2016) déantar foráil do cheapadh Bord Rialaithe chun údarás na nIontaobhaithe laistigh den Institiúid a chomhlíonadh. I measc fhreagrachtaí an Bhoird Rialaithe tá córas a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas, ar oiliúint, ar thaighde, agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara na hInstitiúide, agus chun a cáilíocht a chinntiú. Is é príomhfheidhm an Bhoird Rialaithe an treo straitéiseach a shocrú agus gnóthaí na hInstitiúide a rialú agus a stiúradh i gcomhréir le rúin na nIontaobhaithe, faoi mar a chuirtear in iúl sna Prionsabail Threoracha. Tháinig an Bord Rialaithe le chéile sé huaire le linn na bliana acadúla.

## Bord Rialaithe IOM 2020/2021

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach Comhalta den Bhord Rialaithe 2013**<br>Ceaptha mar Chathaoirleach ag Iontaobhaithe na bliana 2017. | **An tOllamh Linda Hogan**,<br>Ollamh Éacúiméinice,<br>Scoil na Reiligiún, TCD. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal Maria Kiernan**,<br>Ailtire ag cleachtadh go príobháideach Comhalta d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe. | |
| **De bhrí oifige: Ionadaí ó Fhoireann Cheannaireachta Chúige na hEorpa.**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An Bráthair Declan Power**,<br>Ceannairí Pobail, Na Bráithre Críostaí. | D'éirigh sé as i mí Iúil 2021. |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal Bride Rosney**,<br>Rúnaí do Bhord na nIontaobhaithe Fondúireacht Mháire Nic Róibín Iar-Stiúrthóir Cumarsáide, RTE (2001-2009); Comhairleoir Speisialta don Uachtarán Máire Nic Róibín. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal McElduff**,<br>Iar-Ard-Rúnaí Cúnta agus Ceannasaí Dlí agus Caidrimh Thionscail CMÉ, abhcóide agus iar-mhúinteoir. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha 1 Bealtaine 2018.<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2019. | **An tOllamh Lorna Carson**,<br>Ceann ar Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide agus Ollamh Comhlach sa Teangeolaíocht Fheidhmeach, TCD. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tOllamh Declan O'Sullivan**,<br>i mbun léachtóireachta ag Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Staidrimh. | D'éirigh sé as i mí Iúil 2021. |

## Bord Rialaithe IOM 2020/2021

| | | |
|---|---|---|
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (acadúil) **2017-2019**<br>Atofa Meán Fómhair 2019. | **An Dr Seán Delaney**,<br>LS (Leas-Uachtarán) um Ghnóthaí Acadúla/Cláraitheoir, MIE. | |
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (acadúil)<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019 | **An Dr Rory McDaid**,<br>Ceann Roinne – Beartas agus Cleachtais. | |
| **Tofa mar Ionadaí Foirne IOM** (seirbhísí gairmiúla)<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal Martin Lynch**,<br>Bainisteoir TFC agus ionadaí foirne. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal Michael Ryan**,<br>Iar-cheannaire ar Ghrúpa Cánach McCann Fitzgerald, iar-chomhalta comhairle d'Institiúid Cánachais na hÉireann agus é ina chathaoirleach faoi láthair ar bhord eagarthóireachta an Irish Tax Review. | |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2017-2019.<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2019. | **An tUasal Karen Herbert**,<br>AIB, Ceannasaí na Meithle um Chód Iompair, Straitéis agus Rialachas. | |
| **Ionadaí Aontas Mac Léinn IOM**<br>Ceapachán Bliantúil. | **An tUasal Liam Heery**,<br>Tofa mar Uachtarán Aontas na Mac Léinn, MIE. | Tháinig deireadh lena théarma i mí an Mheithimh 2021. Tháinig Ellen O'Connell i gcomharbas air. |
| **De bhrí oifige: Ionadaí de chuid Choláiste na Tríonóide.**<br>Ceaptha Meán Fómhair 2019. | **An tOllamh Jürgen Barkoff**,<br>Leas-Phropast - Príomhoifigeach Acadúil, Rúnaíocht Acadúil. | Tháinig deireadh lena théarma i mí an Mheithimh 2021.<br>Tháinig an tOllamh Orla Shiels i gcomharbacht air i mí na Samhna 2021. |
| **Ainmnithe ag na hIontaobhaithe**<br>Ceaptha Mí Feabhra 2019. | **An tUasal Michael Hallissy**,<br>Páirtí Bunaidh Foghlaim H2. | |
| **I láthair** | **An Dr Teresa O'Doherty**, Uachtarán IOM. | |
| **I láthair** | **An tUasal Craig Larner**,<br>LS Airgeadais & Seirbhísí Gairmiúla, MIE. | D'éirigh sé as Samhain 2020.<br>Tháing Cian Mackey i gcomharbacht air i mí na Samhna 2020. |

## Bhuail an Bord Rialaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

1 Deireadh Fómhair 2020

26 Samhain 2020

4 Feabhra 2021

25 Márta 2021

5 Bealtaine (Straitéis) 2021

27 Bealtaine 2021

22 Iúil 2021 (Leictreonach) Buanchoiste

## Táillí agus Speansais an Bhoird Rialaithe

Is é beartas na hInstitiúide go bhféadfaí cúiteamh a thabhairt do chomhaltaí neamhfhoirne an Bhoird Rialaithe as speansais ar bith a thabhaítear i seirbhís na hInstitiúide. Ní raibh aon speansas den saghas seo i rith na bliana. Ní fhaigheann comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe luach saothair ar bith as a gcuid seirbhísí mar chomhaltaí an Bhoird Rialaithe.

## Coiste Iniúchóireachta

Jim Bradley (Cathaoirleach, ar an drochuair cailleadh é i rith an tsamhraidh)

Karen Herbert

Anne McElduff

Teresa O'Doherty

Cian Mackey

## Bhuail an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar na dátaí seo a leanas:

26 Samhain 2020

21 Eanáir 2021

10 Bealtaine 2021

## An Coiste Airgeadais

Michael Ryan (Cathaoirleach)

Karen Herbert

Teresa O'Doherty

Cian Mackey

## Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile ar na dátaí seo a leanas:

21 Meán Fómhair 2020

16 Samhain 2020

25 Eanáir 2021

15 Márta 2021

17 Bealtaine 2021

14 Meitheamh 2021

# An Fhreagairt do Covid-19

Bunaíodh an Coiste um Fhreagairt do COVID-19 go luath i mí Feabhra 2020, faoi chathaoirleacht an Dr Seán Delaney, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, agus lean an Coiste ar aghaidh ag bualadh le chéile ar bhonn seachtainiúil geall leis i gcaitheamh na bliana acadúla 2020/2021.

Bhreithnigh an Coiste seo gnéithe uile fhreagairt IOM do na dúshláin iomadúla a bhí cruthaithe ag an bpaindéim, agus rinne sé moltaí d'Fhoireann na Ceannaireachta maidir le bearta.

| **Ballraíocht an Choiste** | | |
|---|---|---|
| Cathaoirleach an Seán Delaney (Cláraitheoir/VPAA) | An Dr Gene Mehigan | An Dr Sandra Austin |
| An tUasal Ian Blount | An Dr Aimie Brennan | An tUasal Miriam Colum |
| An tUasal Liam Heerey | An tUasal Eileen Jackson | An tUasal Genevieve Larkin |
| An tUasal Martin Lynch | An tUasal Cian Mackey | An tUasal Danielle Montgomery |
| An tOllamh Teresa O' Doherty | An tUasal Felicity Scriver | An tUasal Róisín Sullivan |
| An tUasal Brendan White | An Dr Julie Uí Choistealbha | Rúnaíocht: An tUasal Máire Áine Nic Dhonnachadha |
| An Dr Alison Egan | An tUasal Louise Condon | An Dr Barbara O'Toole |
| An Dr Johannah Duffy | An tUasal Mairead Minnock | An Dr Derek Murphy |
| An tUasal Ciarán Fogarty | An Dr Rory McDaid | |

Mar ghealll ar obair chrua agus ar thiomantas an Choiste seo chomh maith le conas mar a ghlac a bhformhór mór na mball foirne agus na mac léinn go toilteanach le bearta agus le tionscnaimh COVID-19 ag IOM, bhí an Institiúid in ann leanúint ar aghaidh i mbun oibre le linn shrianta na paindéime.

| An Fhoireann Cheannaireachta | | |
|---|---|---|
| An tOllamh Teresa O'Doherty - Uachtarán | An Dr Seán Delaney – An Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla | An Dr Gene Mehigan – Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach |
| Craig Larner, go dtí Mí na Samhna 2020, Cian Mackey, ó mhí na Samhna 2020 i leith, CFO agus Leas-Uachtarán um Sheirbhísí Gairmiúla CFO | An Dr Joan Kiely, Déan an Oideachais: Curaclam agus Óige | An Dr Julie Uí Choistealbha, Déan an Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí |





TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

# An Dr Seán Delaney

**An Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla**



Ceann de phríomh-théamaí na bliana 2020/2021 d'Oifig an Chláraitheora ná rochtain. Agus an chuma air nach n-imeodh an phaindéim COVID-19 go ceann i bhfad, theastaigh uainn IOM a dhéanamh níos inrochtana agus níos ionchuimsithí do chohórt níos leithne dár mbaill foirne, dár mic léinn agus de mhic léinn ionchasacha. Rinne an Oifig go leor tionscnamh agus cuir chuige a mhaoirsiú le cinntiú gurbh amhlaidh a bheadh, lena n-áirítear laethanta oscailte fíorúla agus cur le tuiscint an phobail maidir le riachtanais daoine faoi mhíchumas.

Agus an phaindéim ag dul ar aghaidh sa chúlra bhí go leor den fhoireann agus de na mic léinn fágtha ar an uaigneas dá bharr, ba thábhachtach an mhaise dúinn é mar sin sláinte fhisiciúil agus mheabhrach a chosaint. Chruthaigh ár dtionscnaimh folláine deiseanna sábháilte do dhaoine iad féin a choimeád aclaí agus a gcuid mothúchán a chur in iúl le linn tréimhse dhúshlánach.

## Iontrálacha

In 2020/2021 liostaigh beagnach 3,000 mac léinn ar an iomlán cúrsaí IOM ó thaobh na gcoláistí ab fhearr ba rogha leo. 508 pointe a bhí ag teastáil chun áit a ghnóthú ar an mBaitsiléir san Oideachas in IOM, fad is a bhí 462 pointe ag teastáil chun áit a ghnóthú ar an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge in IOM. San iomlán, bhí 1,278 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in 2020/2021, méadú 13% ar líon na mac léinn a cláraíodh in 2019/2020.

I measc siúd, ba as 26 chontae ar fud oileán na hÉireann 93% de na mic léinn, fad is ba as 17 dtír AE agus neamh-AE don 7% eile, go háirithe an tSín agus Stáit na Murascaille.

In 2020/21, ba mná iad 82% de dhaonra na mac léinn agus ba fhir iad an 18% eile. Bhí 74% de líon iomlán na mac léinn cláraithe le cláir fochéime.

Coimeádann IOM 15% de na háiteanna ar chúrsaí fochéime do mhic léinn BRA (Bealach Rochtana ar Ardoideachas), do mhic léinn DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas) agus do mhic léinn lánfhásta. In 2020/2021, d'éirigh le 16 mhac léinn áit a fháil ar chúrsa le cabhair ó BRA (Bealach Rochtana ar Ardoideachas) agus d'éirigh 18 mac léinn áit a fháil le cabhair ó DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas).

Chuir IOM tús le raon Scoláireachtaí Iontrála in 2020 agus bronnadh 20 scoláireacht (€500) ar ár mic léinn sa chéad bhliain i gcúig chatagóir éagsúla: Na hEalaíona & Cultúr, Spóirt, Cur Chun Cinn Na Gaeilge, Obair Dheonach agus Gnóthachtáil Acadúil. Tá mianach sármhaith inár gcuid mac léinn agus is cuí dúinn mar sin ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid gaiscí thar réimse disciplíní agus iad i mbun tús maith a chur lena ngairmeacha beatha ag IOM.

## Laethanta Oscailte agus Meas a Léiriú ar Mhic Léinn

Buaicphointí ár bhféilire bliantúil is ea Laethanta Oscailte IOM, agus sna blianta roimhe seo rinneamar na himeachtaí seo a óstáil mar imeachtaí duine le duine ar ár gcampas álainn i Marino, Baile Átha Cliath. Ghríosaigh ar phaindéim COVID-19 sinn chun athmhachnamh a dhéanamh ar conas a reáchtálaimid na Laethanta Oscailte, agus in 2020/2021 d'iompaíomar chun imeachtaí fíorúla a reáchtáil ina ionad. Bhí an chéad cheann ar an 28 Samhain 2020, ócáid inar chuireamar fáilte roimh thart ar an 400 mac léinn a d'fhreastail uirthi ar líne, agus bhí an dara Lá Oscailte fíorúil ar siúl an 23 Eanáir 2021.

Cé nach raibh deis ag mic léinn ionchasacha a bheith i láthair ar an gcampas go pearsanta, bua a bhain leis an timpeallacht fhíorúil ná go raibh rannpháirtithe ó raon tíreolaíochta i bhfad níos leithne in ann freastal go héasca ar an ócáid le gur féidir leo tuilleadh a fháil faoi IOM, agus is buntáiste é seo, dar linn.

Mar gheall ar shrianta COVID-19, ní raibh IOM in ann cuireadh a thabhairt do mhic léinn chuig an gcampas chun a gcéimeanna a cheiliúradh, mar sin ar 10 Nollaig 2020 reáchtálamar Ócáid ar líne chun Meas a Léiriú ar Iarchéimithe le go bhféadfaí a n-éachtaí a cheiliúradh agus d'fhonn dámhachtainí a bhronnadh ar mhic léinn a chríochnaigh a gcuid staidéir le linn tréimhse fhíorchorrach.

## Seirbhísí Rochtana agus Míchumais

Ag IOM ba mhian linn an campas agus an Institiúid a dhéanamh chomh fáilteach agus is féidir roimh a oiread daoine agus is féidir. Idir Feabhra agus Márta ghlacamar páirt i Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach le comhpháirtithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Coláiste Ríoga na Máinliá in Éirinn.

Mar chuid den tionscnamh reáchtáladh ranganna thar chúig dheireadh seachtaine – a ndearnamar óstáil ar cheann amháin acu – agus tugadh cuireadh do dhaoine den phobal páirt a ghlacadh sna ranganna a raibh idir dhamhsa agus conas dathanna a mheascadh á múineadh iontu chomh maith le neart rudaí chun féith na cruthaitheachta a spreagadh i nduine. Ba é an smaoineamh as a d'eascair an scoil, ar tugadh tacaíocht dó faoi thionscnamh PATH de chuid an HEA (an tÚdarás um Ard-Oideachas), ná an pobal níos leithne a spreagadh chun bheith rannpháirteach chomh maith le blaiseadh a thabhairt do dhaoine nach mbeadh rochtain acu ar institiúidí tríú leibhéal murach sin.

Is í Oifig an Chláraitheora atá freagrach as rochtain ar campas, agus i Meán Fómhair 2020 rinneamar an Lá Idirnáisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh. D'fhonn cur le heolas an phobail faoin gceist seo, soilsíodh dath corcra ar aghaidh an phríomhfhoirgnimh áille ar an 3 Nollaig agus rinneamar físeán faoi cé chomh tábhachtach is atá sé riachtanais daoine faoi mhíchumas a aithint agus conas is féidir le hathruithe beaga difear mór a dhéanamh ó thaobh a inrochtaineachta san oideachas de.

Sa bhliain acadúil 2020/2021, d'éirigh linn ár gcampas ag IOM a dhéanamh níos inrochtana trí cheithre dhoras uathoibríocha a chur isteach inár gcuid foirgneamh a bhuí le tacú maoinithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus i gcomhar lenár ollscoil chreidiúnaithe, Coláiste na Tríonóide.

## Béim ar Fholláine

Chuir an t-aistriú chuig cuir chuige ar líne agus modhanna cumaisc i leith teagaisc agus foghlama rochtain mhéadaithe ar fáil i gcásanna áirithe chomh maith le héascaíocht a dhéanamh ar an bpróiseas, fós féin caithfimid a aithint go bhféadfadh tionchar diúltach a eascairt as aonrú ó thaobh sláinte fhisiciúil agus mheabhrach de.

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, rinne IOM roinnt cainteanna faoi fholláine a óstáil chomh maith le gníomhaíochtaí le haghaidh mac léinn agus ball foirne, lena n-áirítear ranganna bunaithe ar ghluaiseacht d'fhonn coimeád aclaí agus cainteanna maidir le féinchúram réamhghníomhach, briseadh croí maidir le bás duine muinteartha leat, beathú, sláinte mheabhrach agus folláine, strus agus garchabhair.

Reáchtálamar tionscnamh freisin a raibh an-rath air dar teideal Lonraigh do Sholas **https://www.mie.ie/en/mie_shine_your_light** inar fhorbraíomar cártaí poist ar féidir le mic léinn iad a líonadh isteach le hinsint dúinn cad iad na dúshláin a tháinig sa bhealach orthu le bliain nó dhó anuas agus cad iad na rudaí a thug sólás dóibh le linn na paindéime. Rinneadh iad seo a thaifeadadh agus a roinnt trí fhíseán ar shuíomh gréasáin de chuid IOM.

Is go fada fairsing a ghlac mic léinn páirt ann agus d'inis siad dúinn faoin tábhacht a bhaineann le coinneáil i dteagmháil le cairde fiú má tá siad scoite amach uainn go fisiciúil, chomh maith leis an maitheas atá i ndul ar shiúlóidí fada, cloí le gnáthaimh agus an cumas atá i bpeataí ardú meanman a thabhairt.

# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## An Dr Gene Mehigan

**Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach**



Nuair a bhuail paindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 agus nuair ab éigean do IOM oiriúnú chuige go tapa, ba bheag súil a bhí leis na hathruithe fadtéarmacha a chuir an ghéarchéim i bhfeidhm ar an oideachas.

Is i rith na bliana acadúla 2020/2021 a cuireadh go leor de na hathruithe sin i bhfeidhm ag IOM, agus cé gur dúshlán nach beag a bhí ann, ba dheis dúinn é freisin chun ár gcaidrimh leis na mic léinn agus na múinteoirí atá againn faoi láthair agus a bheith againn amach anseo a leathnú amach.



### Is mithid d'fhoghlaim chumaisc

Gné ríthábhachtach den bhliain acadúil 2020/2021 ná múineadh agus foghlaim chumaisc a chumasú, trí mheascán de léachtaí is seimineáir ghréasáin aghaidh-ar-aghaidh agus ar líne a chur ar fáil. Ag leibhéal oibriochtúil, bhí gá le clár ama nua - mar shampla b'éigean dúinn a chinntiú go raibh am curtha i leataobh sna sceidil le go raibh a dhóthain ama ag léachtóirí bogadh ó láithreacha ina dtugann siad léachtaí ar líne - go minic ina mbailte cónaithe féin - go dtí IOM, áit a bhfuil cruinnithe agus léachtaí aghaidh-ar-aghaidh acu.

Cé gur dúshlánach an rud é ofrálacha ar líne a chumasú taobh istigh d'am gairid, bhí buntáistí ag baint leis freisin. Ceann amháin acu ná an méadú a tháinig ar líon na múinteoirí a ghlac páirt i gcúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar líne de chuid IOM le linn mhíonna an tsamhraidh. Chuir sé ar chumas múinteoirí páirt a ghlacadh go sábháilte agus thapaigh siad an deis seo go fonnmhar. I rith an tsamhraidh d'éirigh le 951 múinteoir cúrsaí ar líne a dhéanamh in IOM ar ábhair mar Oideachas Ionchuimsitheach, Múinteoirí is an Dlí agus Oideachas na Luath-Óige.

Chonaiceamar comhoibriú iontach idir IOM agus Ionaid Oideachais i dTrá Lí, san Uaimh, i Muineachán agus sa Chlár agus dá bharr seo rinne IOM seimineáir ghréasáin a óstáil do mhúinteoirí agus matamaitic, Gaeilge, Oideachas Luath-Óige agus Corpoideachais faoi chaibidil acu i measc ábhair eile.

## Faomhadh don Chlár

I mí na Samhna 2021, thug an tIonad um Cheannaireacht Scoile [CSL] (a thacaíonn le foghlaim ghairmiúil do cheannairí scoile a dhearadh, a fhorbairt, agus a sheachadadh ar ardchaighdeán) a fhaomhadh dár Máistreacht i Léann an Oideachais (san Fhoghlaim agus i gCeannaireacht Idirchultúrtha) agus dár Máistreacht i Léann an Oideachais (i gCeannaireacht Chríostaí san Oideachas). Is ionann an faomhadh seo agus aitheantas poiblí a thabhairt go bhfuil na cláir seo ábhartha, deartha go maith agus ar ardchaighdeán.

Cé go bhfuil cead againn lógó CSL a úsáid i ngach poiblíocht a bhaineann leis an Máistreacht i Léann an Oideachais (san Fhoghlaim agus i gCeannaireacht Idirchultúrtha) agus Máistreacht i Léann an Oideachais (i gCeannaireacht Chríostaí san Oideachas), beidh eolas faoi na cláir seo ar fáil ar shuíomh gréasáin CSL chomh maith.

## Litearthacht a Leathnú

Ar cheann de na nithe is iontaí atá curtha againn lenár n-ofrálacha acadúla le linn na bliana 2020/2021 tá modúl nua sa litearthacht. Déanann an modúl iniúchadh ar eolas agus inniúlacht na múinteoirí sa litearthacht agus ciallaíonn sé go bhfuil príomhscil oideachais na litearthachta le sonrú anois i mbeagnach gach clár ag IOM, ó oideachas na luath-óige go Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Chomh maith leis sin thugamar isteach modúl roghnach nua ar ár gclár BEd 4 lena chinntiú go bhféadfadh mic léinn a gcuid scileanna taighde agus oideolaíochta a fhorbairt agus a dhoimhniú sa réimse ba rogha leo - i measc na gcúrsaí roghnacha anois tá ardlitearthacht, ceol, na healaíona agus oideachas ionchuimsitheach.

## Ag teacht le chéile go sábháilte ar campas

Le linn 2020/2021 chonaiceamar forbairtí tábhachtacha ar campas. Leanamar ar aghaidh ó thaobh obair a phleanáil ar Lóiste an Gheata agus an cabhsa a chuireann fáilte roimh bhaill foirne, mhic léinn agus chuairteoirí, agus sa ghearrthéarma chuireamar limistéar pubaill i bhfeidhm ina bhféadfadh daoine scíth a ligean, bualadh le chéile agus taitneamh a bhaint as cuideachta a chéile go sábháilte amuigh faoin aer agus foscadh acu ón aimsir.

Tá an-tóir ar an limistéar agus baineadh leas as mar láthair do dhinnéir, do cheolchoirmeacha, do sheirbhísí machnaimh agus le haghaidh Aifrinn, é mar áis chun foireann agus mic léinn a thabhairt le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil agus is ríléir dúinn an tábhacht a bhaineann le sin ó aimsir na paindéime.



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA



## Cian Mackey

**Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Uachtarán um Sheirbhísí Gairmiúla**

Ba dhúshlánach an bhliain acadúil í 2020/2021 do IOM mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Chuir COVID-19 isteach ar ár sruthanna ioncaim ó thaobh comhdhálacha agus lóistín mac léinn de - ach, trí thionscnaimh sábhála costas stuama agus tríd ár mbonn ioncaim ó mhic léinn a mhéadú chomh maith lenár n-acmhainní airgid a bhainistiú go héifeachtach, d'éirigh le IOM leanúint ar aghaidh ó thaobh feidhmiú go héifeachtach de.

In ainneoin COVID-19, baineadh go leor spriocanna suntasacha amach le linn na tréimhse seo, lena n-áirítear uasghráduithe ar ár seirbhísí airgeadais agus leabharlainne, tionscadail iontacha TF agus ar ndóigh ár n-áiseanna a athrú ar mhaithe le tacú le foghlaim shábháilte le linn na paindéime. Bhí ár bhfoireann riaracháin agus seirbhísí gairmiúla in IOM go hiontach agus iad ríthábhachtach ó thaobh na dtorthaí seo a bhaint amach.



## Airgeadas

D'éirigh linn an córas párolla IOM a aistriú chuig Core-HR mar chuid den tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais, faoi stiúir an Bhainisteora Airgeadais Deirdre Mulholland. I mí an Mhárta 2021, baineadh sprioc Core HR eile amach nuair a cuireadh an príomhmhodúl costais i bhfeidhm.

D'éirigh leis an bhfoireann airgeadais íocaíochtaí deontais a éascú freisin chuig breis agus 500 mac léinn mar chuid de thionscnamh Deontas Socrúcháin Oibre sa Ghaeltacht an Aire Oideachais, agus d'fhéach an fhoireann chuige go ndearnadh an scéim aisíoc táillí a riaradh go héifeachtach thar ceann Rannóg Oideachais Múinteoirí sa Roinn Oideachais. Baineadh curiarracht amach i mbliana ó thaobh líon na n-iarratas de: fuarthas 1,332 iarratas, agus d'éirigh le 1,181 díobh siúd.

Rinneadh iniúchadh ar na próisis soláthair in IOM i mí Mheán Fómhair 2020, agus moladh roinnt réimsí inar féidir le IOM a bheartais agus a nósanna imeachta soláthair a fheabhsú. Ní hamháin go ndéanfaidh na feabhsuithe seo an próiseas soláthair i IOM níos éifeachtaí, cuirfidh siad le hinfheictheacht freisin maidir leis an luach ar airgead atá á bhaint amach cheana féin chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann IOM na caighdeáin is fearr sa réimse seo.

## Acmhainní Daonna

Bliain lán d'athruithe a bhí sa bhliain acadúil 2020/2021 do Rannóg na nAcmhainní Daonna. D'éirigh an tUasal Niall O'Neill, Bainisteoir na nAcmhainní Daonna in IOM le 15 bliana anuas, as ag deireadh 2020. Chuireamar fáilte roimh Róisín Sullivan mar Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna i dtreo dheireadh mhí na Samhna 2020.

Bhí ríméad ar Roinn na nAcmhainní Daonna Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) a sheoladh i mí Feabhra 2021 i gcomhpháirtíocht le *Inspire Workplaces*, eagraíocht neamhspleách a dhíríonn ar mheabhairshláinte agus ar fholláine a bhfuil an-taithí aici ar a bheith ag tacú le heagraíochtaí agus le fostaithe ar fud na hÉireann. Is seirbhís tacaíochta d'fhostaithe faoi rún í EAP agus í ar fáil do gharghaolta an fhostaithe chomh maith.

Mar thoradh ar athbhreithniú ar theidlíochtaí saoire tháinig méadú ar shaoire do roinnt cohóirt agus tugadh isteach saoire phósta d'fhostaithe ag IOM. Tar éis nuashonrú ar an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, rinneadh athbhreithniú ar fhad na saoire a cheadaítear agus feabhsaíodh é d'fhostaithe a d'fheiceadh sa chaoi is go bhfuil cúig seachtaine de shaoire íoctha anois ag gach tuismitheoir laistigh den chéad dá bhliain. Tháinig sé seo i bhfeidhm ó Aibreán 2021 ar aghaidh.

Mar chabhair dár bhfostaithe ó thaobh dul i dtaithí ar dul ar scor tá oiliúint tugtha isteach againn trí Chomhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir (RPCI) d'fhostaithe atá ag druidim le dul ar scor. Spreagann an cúrsa seo daoine chun machnamh a dhéanamh ar dul ar scor agus cén tionchar a bheidh aige orthusan.

## Oifig Oideachais agus Tacaíocht do Mhic Léinn

Tá an Oifig Oideachais, rannóg réasúnta nua faoi cheannaireacht Felicity Scriver, i mbun éifeachtúlachtaí oibríochtúla IOM a fheabhsú ar bhonn leanúnach in ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú acu in aimsir COVID-19.

Cé gur díomách an rud é gur beag seans a bhí againn bualadh lenár mic léinn i mbliana, fós féin bhí gá le duine a bheith i láthair ag an Deasc Fáilte agus roinn beirt bhall foirne an ról seo eatarthu. Is post deacair é seo lena bhfuil eolas maith ag teastáil ar mhuintir agus ar chultúr Marino chomh maith le cur amach ar an nuacht agus na forbairtí is déanaí, dúshlán nach beag i mbliain nuair nárbh fhéidir talamh slán a dhéanamh d'aon rud.

Ba dhúshlán ar leith é socrúchán scoile agus allamuigh i gcaitheamh na paindéime agus thacaigh foireann na hOifige Oideachais leis an bhfoireann socrúcháin sa dóigh éifeachtach is dual dóibh, trína chinntiú go raibh gach mac léinn in ann a riachtanais socrúcháin a chomhlíonadh.

Seachas an lóistíocht, ba ar an bhfoireann tacaíochta socrúcháin a thit an cúram déileáil le himní na mac léinn agus na rudaí a bhí ag déanamh buartha dóibh agus is iomaí uair a chaith siad i mbun mic léinn a chur ar a suaimhneas trí a chur in iúl dóibh go dtabharfaí cúnamh dóibh ag gach céim den phróiseas, agus ar an gcaoi ní gá a bheith buartha go gcuirfeadh an phaindéim isteach ar a gcuid socrúchán.

## Seirbhísí Leabharlainne

Chuir seirbhísí Leabharlainne, faoi cheannaireacht Genevieve Larkin, réimse nua de thacaíochtaí agus de bhearta ar fáil d'fhonn seirbhísí Leabharlainne a sheachadadh go fíorúil i gcaoi a ndearna sláinte agus folláine ár gcuid mac léinn a chosaint. Chuir seirbhís nuálaíoch 'Cliceáil agus Bailigh' ar chumas úsáideoirí na Leabharlainne leabhair a bhí ar fáil a chur in áirithe ar líne d'fhonn iad a bhailiú, agus chuir seirbhís 'Scanadh agus Seoladh' a bhfuil an-tóir uirthi ar chumas úsáideoirí na Leabharlainne ailt agus caibidlí leabhar a iarraidh le seachadadh chucu go leictreonach.

Mhéadaigh an Leabharlann rochtain ar acmhainní ar líne trí rochtain a chur ar fáil ar na bunachair shonraí JSTOR Arts & Sciences IV, Arts & Sciences V, agus Arts & Sciences VI mar aon le réimse d'acmhainní eile ar líne de chuid SAGE. D'fheabhsaigh an Leabharlann a gcuid gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama freisin, fiú más go cianda a rinneadh é seo, trí ranganna fíorúla a thabhairt isteach maidir le Tagairtí APA, Scríbhneoireacht Acadúil, Bainisteoir Tagartha Zotero, Google Scholar agus Cuardach Litríochta.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Dr Johannah Duffy, a bhí ina Ceannaire Gníomhach ar Sheirbhísí Leabharlainne, as ucht na hoibre crua a rinne sí agus cé chomh tiomanta agus a bhí sí le linn na tréimhse COVID-19 seo atá deacair ar gach duine.

## FT agus seirbhísí Ríomhfhoghlama

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht chianda agus ar líne a thabhairt do gach ball foirne agus do gach mac léinn in ainneoin na paindéime. Tar éis an tionscadail TELMiE faoi FT a leathnú amach ar bhonn céimneach i mí an Mheithimh 2020, faoi stiúir an Dr Alison Egan Stiúrthóir TF & Ríomhfhoghlama, ghlac an fhoireann acadúil an modh nua seachadta chucu le fonn agus go muiníneach tar éis dúinn bogadh chuig seachadadh ar líne go hiomlán i mí Mheán Fómhair 2020. Rinneadh uasghrádú iomlán ar ár dtimpeallacht um Fhoghlaim Fhíorúil i mí na Nollag 2020, agus cuireadh an leagan nua sin ar fáil don fhoireann i mí Eanáir 2021.

Trí leas a bhaint as uirlisí ríomhfhoghlama nua agus iad atá ann cheana, uirlisí atá comhtháite leis an timpeallacht fhíorúil foghlama, bhí fios ag an bhfoireann agus ag na mic léinn cár cheart dóibh dul chun teacht ar a gcuid seomraí ranga sioncronacha agus bhí siad in ann leanúint ar aghaidh gan stró lena gcuid foghlama i gcaitheamh na bliana. Reáchtáladh teagasc agus foghlaim, socrúchán agus scrúduithe ar líne i rith na bliana, agus bhí an-áthas ar na scoláirí leas a bhaint as ábhar léachtaí taifeadta aisioncronacha le linn dóibh dul siar ar a gcuid oibre mar ullmhú dá scrúduithe ag deireadh na bliana acadúla.

I measc na dtionscadal TF eile ar éirigh leo i rith 2020/2021 bhí iniúchadh Deloitte WFH a rinne athbhreithniú ar na córais agus nósanna imeachta go léir ar bhain an fhoireann agus na mic léinn úsáid astu chun obair ón mbaile a dhéanamh – níor aímsíodh aon ní práinneach san iniúchadh. Chonaiceamar chomh maith cé go maith is a d'éirigh leis an tionscadal athbhreithnithe ar an suíomh gréasáin, ríomhairí glúine don fhoireann ar fad agus ár n-aistriú iomlán chuig seirbhísí HEANet. Tá an rannóg TF agus ríomhfhoghlama gníomhach freisin i dtionscadail taighde a bhaineann le seachadadh ar líne agus thug Rapóirtéir Speisialta Oideachais na NA cuireadh don Dr Alison Egan comhairle a thabhairt i sraith ceardlanna digiteacha.

## Comhdhálacha agus Saoráidí

Ghlac Ciarán Fogarty, Ceann Comhdhálacha agus Saoráidí, ról an Oifigigh um Chomhlíonadh maidir le COVID-19 agus bhí sé chun tosaigh maidir le pleananna gníomhaíochta i leith COVID-19 a fhorbairt d'IOM, agus sábháilteacht ár bhfoirne agus ár gcuid mac léinn chomh maith leis an bpobal i gcoitinne á cinntiú aige. Ní mór do na pleananna seo a bheith in ann iompú ó mhúineadh ar líne go múineadh aghaidh ar aghaidh ar iompú boise. Ba í an infheistíocht ab fheiceálaí i rith na bliana ná spás clúdaithe amuigh faoin aer a chruthú le gur féidir le mic léinn teacht le chéile go sábháilte tá triall gach duine ar an gCampas ar an spás clúdaithe seo anois mar áit chun bualadh le chéile.

I measc na hoibre a rinneadh le linn an ama seo sa Roinn Comhdhálacha & Saoráidí bhí iniúchtaí ar gach spás le hacmhainn shábháilte a aithint, iniúchtaí ar aeráil, ábhair agus trealaimh a fhoinsiú d'fhonn cabhrú le dul i ngleic le COVID-19, glanadh agus cothabháil nach beag a dhéanamh ar na foirgnimh agus an gléasra bainteach leis sin, limistéir oifige nua a chruthú, chomh maith le garraíodóireacht agus feabhsuithe seachtracha a dhéanamh. Baineadh gaiscí na Roinne Comhdhálacha agus Saoráidí go léir amach trí dhianobair agus tréaniarracht na foirne ar fad, foirne oifige, póirtéirí, tailte, glantacháin, slándála agus cothabhála san áireamh.

Ar an drochuair, chuir COVID-19 isteach chomh mór sin ar ár ngníomhaíochtaí comhdhála gur tharla fíorbheagán gníomhaíochta ó thaobh imeachtaí ina raibh daoine i láthair go pearsanta nó ar an láthair. I gcaitheamh na bliana, lean an fhoireann orthu ó thaobh a bheith ag plé lenár gcliaint, lena chinntiú go mbeimid in ann fáilte a chur roimh chliaint ar ais chuig an gcampas nuair a cheadaíonn an treoir sláinte phoiblí é. D'ainneoin sos a bheith ann ó thaobh imeachtaí ina raibh daoine i láthair go pearsanta, i mí an Mhárta 2021 úsáideadh IOM mar láthair chun eagrán de shraith *Amazon Prime* a scannánú. Ba mhór againn an deis plé leis an bhfoireann scannánaíochta agus chun blaiseadh a fháil den obair a tharlaíonn ar chúl stáitse do na cláir seo.

## Nuashonrú Airgeadais

| | 2017-2018 | 2018-2019 | 2019-2020 | 2020-2021 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam iomlán (€000í) | €11,730 | €14,459 | €13,866 | €13,554 |
| Líonta na Mac Léinn | 849 | 1,065 | 1,129 | 1,278 |
| Fás i Líon na Mac Léinn | 2% | 25% | 6% | 13% |

## Príomh-Ídiú Fuinnimh

| An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | Ídiú Gáis (kWh) | Ídiú Leictreachais (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Ídiú Leictreachais | Ídiú Leictreachais (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Astaíochtaí CO2 (Tonaí) | Astaíochtaí CO2 (Tonaí) in Aghaidh an Mhic Léinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bonnbhliain 2014 | 1,955,460 | 2,566 | 779,623 | 1,023 | 650 | 0.85 |
| 2015 | 1,316,864 | 1,577 | 650,722 | 779 | 499 | 0.59 |
| 2016 | 1,413,215 | 1,692 | 643,534 | 770 | 496 | 0.59 |
| 2017 | 1,561,179 | 1,838 | 604,208 | 711 | 484 | 0.57 |
| 2018 | 1,748,938 | 1,642 | 575,972 | 540 | 489 | 0.46 |
| 2019 | 1,816,864 | 1,590 | 584,733 | 512 | 483 | 0.42 |
| 2020 | 1,472,301 | 1,142 | 468,434 | 363 | 380 | 0.30 |

Tháinig laghdú suntasach ar mhéid na n-astaíochtaí $CO^2$ in aghaidh an mhic léinn ag IOM i rith na seacht mbliana ó 2014 go 2020. Tá sé seo mar thoradh ar na feabhsuithe atá curtha i bhfeidhm againn ar an gcaoi ina n-úsáidtear fuinneamh ar Champas IOM agus tharla sé dá bharr na hinfheistíochta móire a rinneamar i gclár éifeachtúlachta fuinnimh le cabhair ó Veolia agus deontas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Léiríonn sé freisin na héifeachtúlachtaí atá bainte amach in aghaidh an mhic léinn mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na mac léinn atá ag freastal ar IOM.

Laghdaigh ár n-ídiú fuinnimh ar feadh roinnt míonna in 2020 freisin de bharr na paindéime COVID-19.

Úsáidimid an mhodheolaíocht tuairiscithe carbóin Ghnó sa Phobal (BITC) le haghaidh gáis agus leictreachais chun ár n-astaíochtaí CO2 a ríomh. De réir mar a ghintear níos mó foinsí in-athnuaite in Éirinn, tá an leictreachas ar an gcóras tarchurtha ag éirí níos glaine bliain ar bhliain, agus dá bhrí sin tá an fachtóir um astaíochtaí carbóin ag laghdú, rud a chuireann leis an laghdú sin ar astaíochtaí $CO^2$.

# Teagasc & Foghlaim



## Gradaim Laochra Teagaisc

Ag IOM, cé go bhféadfaí talamh slán a dhéanamh de go ndéanaimid ceiliúradh ar shármhaitheas agus ar thiomantas ár bhfoirne go léir go hinmheánach, is deas an rud é nuair a fhaigheann ár gcuid oibre aitheantas ag an leibhéal náisiúnta. Bhí deis nua le tapú in 2021 ó thaobh pobal IOM a cheiliúradh, mar gurbh í seo an chéad bhliain ina rabhamar incháilithe do na Gradaim Laochra Teagaisc, comórtas ina bhfuil deis ag mic léinn aird a tharraingt ar roinnt de na daoine a chuaigh i bhfeidhm orthu le linn a gcuid staidéar. Agus cé gurb í an chéad uair dúinn dul san iomaíocht, d'éirigh go hiontach linn! Ainmníodh trí bhall foirne déag IOM, agus astusan fuair naonúr acu gradaim Laochra Teagaisc ar an oíche ag Gradaim Ghaisce de chuid AMLÉ:

| | | |
|---|---|---|
| Bill Lynch | Breed Murphy | Sinead McCauley Lambe |
| Sorcha Browne Byrne | Andrea Lynch | Ciara Reilly |
| Elaine Clotworthy | Miriam Colum | Suzy Macken |

Is é seo an tríú babhta de na Gradaim Laochra Teagaisc, a chomhordaítear trí chomhpháirtíocht idir an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas, Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Aontais na Mac Léinn eile ar fud na tíre.

Chuir an tionscadal Taighde a Mhalartú idir Múinteoirí (T-Rex) tús freisin le gradam um nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim agus tréaslaímid le Rhona McGinn as an ngradam seo a fháil.

Dea-theist ar an bhfoireann ar fad is ea rath IOM sa réimse seo, foireann a dhéanann a seacht ndícheall lena chinntiú go bhfaigheann ár gcuid mac léinn an t-eispéireas teagaisc agus foghlama ar an gcaighdeán is airde.

## Gradaim Oideachais de chuid an *Irish Times* 2021

Ainmníodh IOM ní hamháin do cheann amháin nó dhá ceann ach do thrí cinn de Ghradaim Oideachais de chuid *Irish Times* 2021. Fuair an Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha ainmniúchán faoin For-Rochtain Oideachais is Fearr, ár gcóiríocht ar campas ainmnithe faoin gCóiríocht Mac Léinn is Fearr agus ainmníodh IOM ina hiomláine faoin gcatagóir Eispéireas Mac Léinn is Fearr. Ba mhór againn na hainmniúcháin seo a fháil mar aitheantas ar an obair a dhéanann ár bhfoireann ag IOM agus sinn mar a bheadh teaghlach anseo, agus ba iontach an rud é ár nInstitiúid a fheiceáil agus ionadaíocht chomh maith sin aici sna hainmniúcháin do na gradaim náisiúnta seo.

Is mic léinn agus baill foirne a chruthaigh roinnt de na hacmhainní mar thacú d'fhoghlaim sa bhaile. Ina measc bhí 'Leabhar Gníomhaíochta Fan sa Bhaile ar Oíche Shamhna' cruthaithe ag Mic Léinn Baitsiléir Eolaíochta sa Staidéar Luath-Óige, 'Ag Foghlaim sa Bhaile: Gníomhaíochtaí Laethúla Fiúntacha' le Sinéad McCauley Lambe agus Clara Fiorentini, is 'Matamaitic sa Bhaile' le Mic Léinn an Bhaitsiléara Eolaíochta.

## Baineann daltaí agus múinteoirí tairbhe as Scoil Samhraidh Amuigh Faoin Aer

20 Ábhar Oide
4 Oideachasóir Múinteoirí
40 Leanbh
11 Scoil
2 Rang
1 Scoil Samhraidh

Bíonn sos ón scoil ag teastáil go géar nuair a thagann laethanta saoire an tsamhraidh, ach seans go mbíonn "meathlú an tsamhraidh' i gceist freisin chomh fada agus a bhaineann sé le litearthacht agus an dul chun cinn atá déanta ag páistí sa mhatamaitic. B'fhollasach an dul ar gcúl seo i measc daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna DEIS.

Cén chaoi ar féidir linn dul i ngleic leis seo? Glac páirt sa scoil samhraidh spraíúil. In Iúil 2021, 20 chuir fiche ábhar oide IOM, faoi mhaoirseacht ceathrar oideoirí múinteoirí, scoil samhraidh ar fáil do 40 leanaí in 11 scoil DEIS timpeall Bhaile Átha Cliath a raibh an tríú rang críochnaithe acu.

A bhuí leis an bhfoireann Comhdhálacha agus Saoráidí a bhí go pras i mbun gnímh agus an aimsir bhreá, bhí IOM in ann an scoil samhraidh a óstáil lasmuigh in dhá chlós, agus d'fhreastail na páistí ar an scoil samhraidh ar feadh trí huaire an chloig in aghaidh an lae.

Múineadh ábhair lena n-áirítear matamaitic, teanga, corpoideachas, na healaíona, agus Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE) agus ba ábhair oidí i ngach aon bhliain den BEd (trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge) agus den PME a mhúin iad. Rinne na hoiliúnóirí múinteoirí seo a leanas maoirseoireacht orthu: Ciara Reilly, Coleen Horn, Lorna Roche agus Seán Delaney.

Agus fios maith acu faoin ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí, bhuail na hoiliúnóirí múinteoirí is na múinteoirí leis na tuismitheoirí roimh an scoil samhraidh agus d'fhonn cúpla nod a thabhairt faoi conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú lena bpáistí dul chun cinn a dhéanamh sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i rith an tsamhraidh.

Fuair na páistí T-léinte ildaite ar an gcéad lá, lón gach lá, agus dhá leabhar mar bhronntanas nuair a tháinig deireadh leis an scoil. Agus a bhuí le tacaíocht fhláithiúil IOM agus na rannpháirtithe go léir, cuireadh an scoil samhraidh ar fáil saor in aisce do na páistí.

Thug an scoil samhraidh deis ba ábhair oidí aiseolas a fháil ar a gcuid teagaisc gan dul faoi mheasúnú oifigiúil. Dúirt na hábhair oidí gur thacaigh an t-atmaisféar réchúiseach neamhfhoirmiúil lena gcuid foghlama. Ós rud é nach raibh measúnú oifigiúil i gceist, spreag sé sin teagasc nuálach agus thug sé deiseanna do na hábhair oidí breathnú ar theagasc idir piaraí i mblianta éagsúla dá gcúrsaí.

I suirbhé a rinneadh ina dhiaidh, dúirt na hábhair oidí gur spreag an scoil samhraidh smaointe nua iontu maidir le ceachtanna. Dúirt roinnt díobh gur fhoghlaim siad go leor ó bheith ag comhoibriú lena gcuid piaraí agus trí bhreathnú ar conas mar a chuaigh ábhair oidí eile i ngleic le cúrsaí a thit amach sa rang. Dúirt roinnt ábhair oidí go mba mhaith leo dá mbeadh an scoil samhraidh ar siúl ar feadh dhá seachtaine.

Dúirt gach ábhar oide as éadan gur cheart do IOM an tionscnamh a thairiscint arís amach anseo agus dúirt gach freagróir sa suirbhé go nglacfaidís páirt ann arís dá gcuirfí ar siúl í amach anseo.





# Comhdhálacha, Féilte agus Pobal

## IOM mar óstach do chomhdháil ESAI

I mí Mheán Fómhair 2020, ceapadh an tOllamh Teresa O'Doherty mar Uachtarán ar Chumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI). I dtreo dheireadh mhí an Mhárta 2021, rinne IOM an chomhdháil ESAI a hóstáil: Féidearthachtaí sa *Oideachas*: *Caidrimh le Daoine, le hAidhm agus le hÁit a Athshamhlú*.

D'fhreastail 245 duine ar an imeacht fíorúil idirnáisiúnta seo a mhair ar feadh dhá lá, roinnt acu ag logáil isteach ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Iorua, ón bhFionlainn, ó Albain, ón mBreatain agus ó na SA, chomh maith le comhghleacaithe ó na hInstitiúidí Ardoideachais ar fad atá ar oileán na hÉireann. Chuir baill foirne ó IOM seacht bpáipéar i láthair ag an gcomhdháil, agus rinne siad cathaoirleacht ar phainéil, agus d'fheidhmigh siad mar óstaigh ar na seisiúin go léir.

B'imeacht suaitheanta é seo do IOM agus le cabhair ó gach duine d'éirigh thar barr leis. B'aoibhinn a bheith i láthair agus a bheith rannpháirteach ann agus na naisc chomh soiléir is chomh héifeachtúil sin, agus b'ardmholtach an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe na comhdhála agus b'iomaí moladh a fuair 'Foireann IOM'.




## Comhdháil Taighde Oideachais le Mic Léinn agus Múinteoirí (STER)

Cuireadh tús leis an gceathrú babhta den Tionscadal STER i mí Dheireadh Fómhair 2020. Is í aidhm an tionscadail cultúr taighde a chruthú in oideachas múinteoirí trí thaighde tráchtais mac léinn san oideachas a chomhroinnt trí chomhdhálacha, trí ríomh-irisleabhair agus trí phodchraoltaí. Faoi stiúir an Dr Aimie Brennan, chuaigh foireann de dheichniúr mac léinn i gcomhpháirtíocht le hoibrithe deonacha an Dr Suzy Macken, Miriam Colum agus Ciara Reilly chun obair i gcomhar le chéile ar ghnéithe éagsúla den tionscadal. Cuireadh tacaíocht agus oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach i bhfoirm cruinnithe faisnéise faoin tionscadal, seimineáir ghréasáin faoin bhfoilsitheoireacht, seisiúin aiseolais, agus cruinnithe foirne.

Taighde san Oideachas a d'eascair as an gComhdháil STER bhliantúil: Reáchtáladh *Polasaí, Cleachtais agus Oideolaíocht* ar líne ar an 15 Aibreán 2021. Ba é an tAire Simon Harris (DFHERIS) a sheol an Chomhdháil agus mhol sé obair an tionscadail; dar leis, tá STER "i mbun acmhainn taighde ár gcuid mac léinn a chothú go rathúil agus tá sé ag cur cumas na mac léinn oideachais in Éirinn chun cinn chomh maith le hiad a cheiliúradh ó thaobh cur leis an ngairm mar thaighdeoirí". Ba go paiteanta a d'oscail Nessa Lahert, mac léinn PME an chomhdháil, agus mar chuid den chomhdháil bhí taispeántais ó dhaoine aonair agus i bhfoirm póstaeir ó 20 mac léinn oideachais ó IOM, TCD, MIC, OÉ Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh.

Seoladh imleabhar 4 den ríomh-irisleabhar STER i mí Aibreáin 2021. San imleabhar seo bhí 15 alt le mic léinn ó 5 institiúid ardoideachais. Faoi chaibidil in ailt na mac léinn bhí topaicí ó aireachais sna luathbhlianta, ionchuimsiú sa seomra ranga



bunscoile, teagasc foirne san iar-bhunscoil agus aistrithe san oideachas aosach. Agus an ríomhirisleabhar á sheoladh aige, dúirt an Dr Tony Hall (Eagarthóir, Léann Oideachais na hÉireann) "Tá STER tagtha chun cinn mar ardán tábhachtach inar féidir taighde a roinnt agus chun cur lenár gcumas taighde in Éirinn a fhoilsiú.

Tá sé mar chuid lárnach anois d'éiceachóras taighde oideachais na hÉireann, agus go háirithe ó thaobh múinteoirí atá ina dtaighdeoirí freisin a spreagadh, tacú leo agus iad a chur chun cinn le linn dóibh a bheith ag tús a ngairm bheatha le gur féidir leo tabhairt faoi aistear aistear taighde bunaithe ar theagasc a mhairfidh ar feadh a saoil." Is féidir an ríomhirisleabhar a íoslódáil ó shuíomh ghréasáin STER, ó thaisclann TARA agus ó leabharlann IOM.

Seoladh an podchraoladh de chuid STER i mí na Bealtaine 2021. Is agallamh neamhfhoirmiúil le mac léinn é gach eagrán ina labhraíonn sé/sí faoin gcuid dtaighde. De réir prionsabail UDL, tá tras-scríbhinn iomlán curtha ar fáil le gach eagrán chomh maith le naisc chuig na hacmhainní/ábhar léitheoireachta a luadh san agallamh. Tá na heagráin ar fáil faoi láthair ó *Spotify*, *Anchor* agus *Google Play*.

Ina theannta sin, chuir STER lena réimse trí oibriú ar thionscnaimh nua lena n-áirítear Eagrán Speisialta den ríomhirisleabhar faoi Oideachas Idirchultúrtha a rinneadh mar chomhshaothar, a bheith i gceannas ar ResearchMeet mar chuid de MeetWeek, chomh maith le ceardlann idirnáisiúnta a óstáil i gcomhar le hOllscoil Barcelona agus páirt a ghlacadh in dhá phainéal plé idir mic léinn agus baill foirne.

## ResearchMeet and TeachMeet

Ba imeacht nua é MeetWeek 2021 a chuir Ciara Reilly agus an Dr Aimie Brennan i láthair i mí na Bealtaine 2021 i gcomhpháirt leis an tionscadal STER (Taighde Oideachais idir Mic Léinn agus Múinteoirí). Ba í an aidhm ná mic léinn agus múinteoirí oideachais a spreagadh chun teacht le chéile le gur féidir leo cleachtas a roinnt agus labhairt faoina gcuid foghlama, taighde agus forbartha gairmiúla. Is é an cruth a tháinig air seo ná dhá imeacht roinnte neamhfhoirmiúla. ResearchMeet agus TeachMeet amháin.

Ba í Ciara Reilly a bhí i mbun cathaoirleachta ar an TeachMeet seo. Rinne mic léinn agus múinteoirí ó bhunscoileanna agus ó institiúidí ar fud na hÉireann cuir i láthair an-ghearr (5-7 nóiméad) ar ábhair éagsúla. Ina measc seo bhí cur i láthair ar conas Lego chun a úsáid chun cuma mhealltach a chur ar an bhfoghlaim sa seomra ranga, taispeántas d'uirlisí ar líne do mhúinteoirí EAL agus breac-chuntas ar chur chuige bainteach le dráma próisis sa bhunoideachas.

Ba í an Dr Aimie Brennan a bhí i mbun cathaoirleachta ar an ResearchMeet agus mheall sé cainteoirí ó IOM, OCBÁC agus CMGS. Rinne na cainteoirí cuir i láthair de 10 nóiméad faoi raidhse ábhar. I measc seo bhí cur i láthair ar thaighde gníomhaíochta san fhoghlaim cluichebhunaithe, taighde ar an gcaidreamh idir ábhair oidí agus múinteoirí comhoibríocha agus anailís ar thionscnaimh léitheoireachta roinnte i timpeallacht DEIS.

## Seachtain na Matamaitice

Dála mórán imeachtaí a tharla le linn na tréimhse seo, is ar líne a reáchtáladh Seachtaine na Matamaitice faoi scáth IOM. I mí Mheán Fómhair 2020, chomheagraigh Breed Murphy agus Sorcha Browne Byrne tionscnamh inar cumadh 'Fadhb an Lae le Réiteach' le linn Sheachtain na Matamaitice, agus sheol mic léinn agus baill foirne a gcuid freagraí isteach trí ríomhphost.

Chuir Mark Joyce seimineár i láthair na mac léinn a léirigh na gnéithe comónta idir an mhatamaitic agus na hamharcealaíona, agus d'iarr sé ar na mic léinn gníomhaíochtaí a fhorbairt le haghaidh ríomhleabhar a críochnaíodh agus a dáileadh i mí Eanáir 2021. Chuir Sorcha Browne Byrne agus an Dr Maja Haals Brosnan seimineár gréasáin i láthair faoi oideachas matamaitice sna Luathbhlianta atá freagrúil do chultúr faoi leith, seimineár a ndearnadh taifeadadh air agus a mbaintear leas as fós i leith mic léinn ar fud na gclár agus na gcúrsaí éagsúla fós.

## An-tóir ar sheimineáir ghréasáin i measc bunmhúinteoirí

In earrach 2021, chuir baill foirne thar réimse leathan den phobal teagaisc ag IOM ábhar ar fáil le haghaidh sraithe de 14 sheimineár gréasáin do mhúinteoirí bunscoile a raibh an-rath uirthi.

Thosaigh an tsraith le seimineáir ghréasáin á gcur i láthair ag Dr Claire Dunne ar an dtéama 'Ag labhairt, ag léamh, 's spraoi sa bhaile'. Ag teacht ina diaidh, chuir Ciara Reilly, Breed Murphy agus Sorcha Browne Byrne dhá sheimineár gréasáin i láthair ar 'Conas Teicneolaíochtaí Digiteacha a chur i gcroílár Mhatamaitic na Bunscoile'. Lean an tsraith ar aghaidh le seimineár sa bhreis ar 'Mata do na Ranganna Sinsearacha' le Breed Murphy agus Sorcha Browne Byrne, 'Litearthacht Spraíúil' le Clara Fiorentini agus Sinéad Lambe, 'Disléicse: an duine agus an cleachtas' le Miriam Colum agus Róisín Lowe, agus 'An Corpoideachas mar uirlis chun ábhair a nascadh le chéile trasna an churaclaim' leis an Dr Suzy Macken. Chuir Ciara Reilly sraith de shemineáir ghréasáin i láthair faoi theicneolaíochtaí digiteacha dar teideal 'Conas plean foghlama digití scoile a scríobh'.

Agus é reáchtáilte i gcomhar le hIonaid Oideachais Thrá Lí, an Chláir, Mhuineacháin agus na hUaimhe, d'fhreastail breis agus 3,000 múinteoir ar na himeachtaí seo ar líne. Bhí tacú lena chéile agus comhoibriú go mór le sonrú san fhoireann FGL a bhí faoi stiúir an Dr Gene Mehigan. B'iontach an t-aiseolas agus an fhreagairt a fuaireamar maidir lenár sraith de sheimineáir ghréasáin agus beidh sé mar ábhar inspioráide do a thuilleadh nuálaíochta amach anseo.

Ina theannta sin, i rith na bliana acadúla 2020/2021, chuir Clara Fiorentini ó Roinn an Bhéarla seimineáir ar an Litearthacht, Oideachas na Luath-Óige agus Oideolaíochtaí Siamsaíochta i láthair thar ceann na ngrúpaí seo a a leanas: Cumann Litearthachta na hÉireann, An Cainéil Litearthachta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Cumann Múinteoirí Éireann, agus Ionaid Oideachais Dhún na nGall, na hUaimhe, Chora Droma Rúisc. Tá Clara fós i mbun riarachán na meán sóisialta agus an tsuímh ghréasáin a chomhordú do Chumann Litearthachta na hÉireann agus sheol sí freisin Lionsaí ar an bhFoghlaim, aoi-ghnéphóstáil ar a suíomh gréasáin a chuimsíonn earnálacha oideachais éagsúla agus a roinneann ailt tuairimíochta, moltaí agus ailt téamacha ar mhaithe le comhrá, forbairt agus foghlaim a spreagadh.

## Scoileanna Earraigh agus Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha

Ar an Satharn, 27 Feabhra 2021, d'fhreastail níos mó ná 65 rannpháirtí ar Scoil Earraigh na nEalaíon Cruthaitheach, atá mar chuid den tionscnamh PATH. Mar chuid den chlár for-rochtana seo, tá 13 cheardlann fhíorúla á gcur ar fáil ag sé choláiste, is iad sin IOM, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, TCD, UCD, IADT agus RCSI, thar thréimhse de chúig Shatharn agus gheobhaidh rannpháirtithe deis chun taithí a fháil ar an iliomad bealaí ina gcuirtear na healaíona cruthaitheacha i bhfeidhm chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh orthu.

Bhí an Dr Suzy Macken i gceannas ar cheardlann Rince Cruthaitheach agus thug ár n-ealaíontóir cónaithe, Mark Joyce ceardlann ar stair an mheascadh dathanna. I gcaitheamh na gceardlann bhí Louise Condon agus roinnt dár mic léinn i láthair chun plé a dhéanamh leis

na rannpháirtithe agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt maidir le bheith i mbun staidéir ag IOM. I mí an Mheithimh 2021, ghlac an Dr Suzy Macken, Mark Joyce, an Dr Maja Haals Brosnan agus Louise Condon páirt i CASS, Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha 2021, arís faoi scáth PATH.

## Tacaíocht do Movember

Ba í an Dr Suzy Macken, An Dr Máire Nuinseann, An Dr Aimie Brennan, An Dr Alison Egan, Ciara Reilly agus Breed Murphy a d'eagraigh an Cheolchoirm Fhíorúil chun Movember a cheiliúradh. D'oscail an tOllamh Teresa O'Doherty an imeacht agus bhí Dr Suzy Macken mar Bhean an Tí i gcomhair na hoíche. Thug an cheolchoirm tacaíocht don fheachtas *Movember* a d'eagraigh Conor Cronin (RIP), deartháir le duine de mhic léinn IOM ar an gclár BEd.



## FÉILTE–Féile Oideachais na Comhairle Múinteoireachta um Múineadh agus um Barr Feabhais san Fhoghlaim

Bhí an fhéile FÉILTE ar siúl an 3 Deireadh Fómhair 2020 agus i mbliana bhí mic léinn ó IOM i measc iadsan a chuir a gcuid taighde tráchtais i láthair. Le tacaíocht ón Dr Aimie Brennan, BEd. chuir na céimithe Mikayla Hamill, Sarah Enright, Catherine White, Aisling McBride agus Laura Curtis póstaeir thaighde i láthair ag an StudentMeetBooth ag FÉILTE. Is féidir féachaint ar a gcuid póstaer ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus san fhoirgneamh Nagle Rice.

Chuaigh Lisa Plunkett, céimí de chuid an PME agus NQT i SNS Mhuire gan Smál i nDarndál isteach sa phainéal StudentMeet mar an príomh-ionadaí NQT. Ba é téama a pléadh ná 'Ó léachtlann go dtí an seomra ranga: conas mar a dhéanann an taighde an cleachtas a fheabhsú thar an leanúntas teagaisc ar fad'. Labhair Lisa go deisbhéalach faoi conas mar a chuir sí a taighde ar spóirt agus ar ghluaiseacht i bhfeidhm ar a cuid oibre sa seomra ranga bunscoile le linn COVID-19. D'fhreastail níos mó ná 2000 duine ar an imeacht fíorúil, agus bhí na mic léinn thar cionn ó thaobh a gcuid taighde a chur i láthair.



# Tionscnaimh Folláine

Is féidir le dianghlasálacha a leanann ar aghaidh agus ar aghaidh, aonrú agus imní faoin bpaindéim dhomhanda luí go trom ar do mheabhairshláinte. Mar leigheas ar seo chuir IOM sraith tionscnamh folláine ar bun lena n-áirítear léachtaí, ranganna ar aclaíocht choirp agus trí mhic léinn a spreagadh chun a gcuid smaointe a chur in iúl faoin bpaindéim agus conas mar atá a gcúinsí athraithe dá bharr.

## Sos a ghlacadh d'fhonn teacht chugat féin arís

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, thugamar faoi deara go raibh baill foirne in ísle brí de dheasca na srianta dianghlasála agus gan iad in ann teagmháil a dhéanamh le cairde, le teaghlach agus le daoine muinteartha leo mar ba mhaith leo dá mbeadh an saol ar a dtoil acu. Agus é seo ag dul ar aghaidh sa chúlra, fós féin lean siad orthu ó thaobh eitic oibre iontach a léiriú agus iad toilteanach i gcónaí a bheith rannpháirteach. D'fhonn cabhrú le daoine an t-am a aimsiú chun scíth a ligean, cuireadh Seachtain na Léitheoireachta in earrach na bliana 2021 i leataobh mar 'thréimhse chun scíth a ligean' agus gan aon chruinnithe oifigiúla ar siúl. Ina theannta sin, bhronn IOM lá saoire bliantúil sa bhreis don fhoireann le tógáil i rith na seachtaine dar tús 15 Feabhra 2021.



## Fanacht sláintiúil

Ár mbuíochas ó chroí leis an gCoiste Folláine - Sinéad Lambe, Breed Murphy agus an Dr Suzy Macken - a thug tacaíocht do phobal iomlán IOM le hacmhainní, eolas agus tionscnaimh, gach rud ó chúram cnis go grianghrafadóireacht go Masterchef. Mo cheol sibh!

## Coimeád Aclaí

Mar chabhair chun gach duine a choimeád aclaí, d'óstaigh Aontas na Mac Léinn ranganna Aclaíochta saor in aisce, gach oíche Dé Céadaoin ag 7 i.n.

## Strus a Láimhseáil

I mí Eanáir 2021 d'eagraigh Oifig an Chláraitheora léachtaí folláine ar Zoom a bhí oscailte do bhaill foirne agus do mhic léinn. I measc na gcainteoirí bhí an Dr Jennifer Wilson Ó Raghallaigh, An Príomh-Shíceolaí Cliniciúil ag Ospidéal Beaumont a labhair faoi chóireáil gharchabhrach a chur ar ár gcuid struis, cur chuige a mbaineann sí leas as ina cuid oibre féin.

## Labhairt faoi bhriseadh croí

Ba ar Dhéileáil le Briseadh Croí agus Caillteanas a labhair Breffni McGuinness, Speisialtóir Náisiúnta Forbartha Méala ó Fhoras Ospíse na hÉireann le linn dó caint a thabhairt chuig MEI i mí an Mhárta 2021. Labhair sé faoi conas déileáil le caillteanas agus briseadh croí go háirithe le linn COVID-19 agus dhírigh sé ar chineálacha éagsúla caillteanais agus cad a tharlaíonn nuair a théann duine trí

phróiseas an dobróin. D'fhéach Breffni freisin ar conas tacaíocht fhónta a thabhairt do dhuine atá ag déanamh bróin, agus conas aire a thabhairt duit féin má tá tú ag déileáil le caillteanas.

## Lonraigh do Sholas

Cuireadh cártaí poist folmha chuig na mic léinn agus baill foirne agus iarradh orthu cuntas a scríobh nó pictiúr a tharraingt de cad a bhí ag tabhairt sásaimh nó dóchais dóibh. Is iad Louise Condon agus Robbie Irwin ó Oifig an Chláraitheora, an Dr Aiveen Mullally agus ár n-ealaíontóir cónaithe, Mark Joyce a chruthaigh an tionscnamh seo mar bhealach chun pobal IOM a nascadh le chéile, agus chun aitheantas a thabhairt do cad a bhí ag tabhairt sóláis dúinn le linn laethanta dorcha na dianghlasála. Ár mbuíochas le Louise Condon, Robbie Irwin, an Dr Aiveen Mullally agus an Dr Gerry O'Connell as ceannaireacht a thabhairt don tionscadal seo.

## Aireachas inár gcroíthe istigh

Dhear Ena Morley Clár Aireachais d'Fhoras Croí na hÉireann (IHF), mar chuid den athbhreithniú ar an gClár BizzyBreaks do Bhunscoileanna. Seoladh é ar shuíomh gréasáin an IHF. Is é an t-ábhar a chuir Ena ar fáil ar an suíomh gréasáin ná rannán tiomnaithe don Aireachas le cleachtais bhreise ón Leabhrán BizzyBreaks mar chuid de chomh maith le gníomhaíocht coirp eile.



# Gníomhaíocht Idirnáisiúnta

## Saineolaí a fuair cuireadh chuig Rapóirtéir Speisialta na NA

I mí Aibreáin 2021, iarradh ar an Dr Alison Egan páirt a ghlacadh mar shaineolaí a fuair cuireadh chuig Rapóirtéir Speisialta na NA mar gheall ar a cuid eolais ar 'Oideachas a Dhigitiú'. Ghlac Alison páirt i sraith de cheardlanna ar líne agus foilsítear tuarascáil chomhairliúcháin tar éis gach cruinnithe. Is iad na topaicí a bhí faoi chaibidil ag na saineolaithe a fuair cuireadh ná:


- Ról na teicneolaíochta in oideachas aghaidh-ar-aghaidh agus/nó sa chianfhoghlaim.
- Conas a d'fhéadfadh digitiú oideachais a chur isteach ar shláinte an duine.
- Cad ba cheart a bheith mar aidhm ag oideachas digiteach múinte mar is ceart, i gcaoi a gcuireann ar chumas daltaí forbairt mar shaoránaigh agus gan iad a fhágáil sa riocht nach bhfuil iontu ach tomhaltóirí d'uirlisí digiteacha i ndeireadh na dála?
- Éirí róthugtha do shonraí, measúnú, agus fadhb an fhaireachais.
- An córas oideachais a phríobháidiú agus cleachtais mhargaíochta trí dhigitiú.
- Digitiú, éagsúlacht foinsí agus éagsúlacht chultúrtha.

## Cúrsa Ceannaireachta ar Líne de chuid EREBB

Rinne Dr Aiveen Mullally an seachtú agus an t-ochtú babhta den Chúrsa Ceannaireachta ar Líne de chuid EREBB a reáchtáil chomh maith le modhnóireacht a dhéanamh air.

Forbraíodh an cúrsa seo ar mhaithe le tacú le múinteoirí, oideachasóirí, ceannairí agus iad to leo siúd a bhfuil an cheannaireacht mar aidhm acu i scoileanna Eamonn Rís agus i bpobail oideachais ar fud an domhain le go bhféadfaidís éirí ina n-urlabhraithe agus ina dtacadóirí ar son chleachtais oideachais atá ionchuimsitheach agus a thugann saoirse.

Is cúrsa idirghníomhach 20 uair an chloig é ar féidir le rannpháirtithe é a chríochnú ina gcuid ama féin le linn seimeastair. Sa bhliain acadúil 2020/21, chláraigh 61 rannpháirtí ó Líonra Scoile domhanda de chuid Eamonn Rís leis an gcúrsa.



## Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta

Rinne IOM an chéad Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta Fhíorúil a óstáil ó 2ú go 13 Samhain 2021. Chláraigh breis is 100 ábhar oide ó IOM agus ónár nInstitiúidí comhpháirtíochta le freastal ar an gclár a mhair ar feadh coicíse agus a dhírigh ar an téama 'Conas d'Fhéiniúlacht Ghairmiúil a Fhorbairt i gcomhair an tSeomra Ranga'.

Bhí gach duine a d'fhreastail air sa bhliain dheireanach dá gclár staidéir, agus iad ag logáil isteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ó SAM, ón Eacuadór, ón Spáinn, ón Eilvéis, ón Astráil, ón RA agus ón bPortaingéil.

Faoi stiúir an Dr Julie Ui Choistealbha agus Dr Aimie Brennan, reachtáladh deich gceardlann 90-nóiméad ar fhad agus cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i mbun cainte lena n-áirítear: Joffy Connolly (An Fhionlainn), an Dr Andrew Sherman (Eacuadór) agus Jennifer Shearman (RA), an Dr Julie Uí Choistealbha (IOM), an Dr Aimie Brennan (IOM), agus an Dr Garret Campbell (*Global Classroom*).

Dhírigh na ceardlanna ar théamaí amhail Féiniúlacht Ghairmiúil, Cleachtas Machnamhach, Taighde Oideachais agus Cleachtas Comhoibríoch. Bhí deis ag mic léinn dul i mbun idirphlé idirnáisiúnta le linn an tseisiúin 'Student Connect' agus iarradh orthu cleachtas ó dhearcthaí idirnáisiúnta éagsúla a mheas.

Bhí an t-aiseolas ó na mic léinn thar a bheith dearfach agus bhí an tinreamh agus an rannpháirtíocht ar fheabhas ar fad. Tá súil againn go leanfaidh go leor ofrálacha 'scoile" ag IOM ar aon dul leis an gcéad Scoil Gheimhridh Idirnáisiúnta Fhíorúil.

## Garraíodóir Óg na Bliana

Agus í ina comhordaitheoir Réigiúnach na hÉireann ar chomórtas Garraíodóir Óg na Bliana de chuid na hInstitiúide Cairte Garraíodóireachta, d'eagraigh an Dr Sandra Austin agus chuir sí i láthair cluiche ceannais na hÉireann na bliana seo, a reáchtáladh beagnach den chéad uair trí Zoom.

Ar an 18 Meitheamh 2021, bhí ochtar iomaitheoirí ó cheann ceann oileán na hÉireann san iomaíocht le bheith mar Garraíodóir Óg na Bliana in Éirinn, do dhuais urraithe ag Bord Bia agus an deis a bheith mar ionadaí na hÉireann ag Cluiche Ceannais Mhór YHOY ag Garraithe na Lus Logan, in Albain níos deireanaí sa bhliain 2021.



# An Scéala is Déanaí Maidir le Tionscadail

## T-REX - Taighde a Mhalartú idir Múinteoirí

Is líonra ar líne é T-Rex do mhúinteoirí agus do thaighdeoirí i réimse an oideachais. Tá sé mar aidhm aige tacú le scoileanna agus le hinstitiúidí Ardoideachais ó thaobh teacht ar na léargais is déanaí ó thaighde chomh maith le hiad a roinnt ag amanna agus in áiteanna a oireann dóibh.

Chuir an Dr Alison Egan tuarascáil deiridh an Fhóraim Náisiúnta i láthair i mí Eanáir 2021 agus arís ar an lá deireanach an Fhóraim Náisiúnta ar an 25 Feabhra faoin méid maoinithe a fuair IOM ón gCreat um Nuálaíocht Modúil, a cuireadh chun leasa dhá mhodúl in IOM an bhliain acadúil seo caite.

## DICE @ MIE

Is tionscnamh náisiúnta é Tionscadal DICE a dhíríonn ar oideachas forbartha agus oideachas idirchultúrtha a neadú mar ghnéithe ríthábhachtacha d'oideachas tosaigh múinteoirí ag leibhéal na bunscoile in Éirinn. Tá sé curtha i bhfeidhm ag Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Mhuire gan Smál agus Roinn Froebel in Ollscoil Mhá Nuad.

Sa bhliain acadúil 2020/2021, i measc gníomhaíochtaí DICE bhí caint le Kathleen Lawrence, gníomhaí don Lucht Siúil, le mic léinn BEd. 1 ar an téama 'Cearta daonna agus feasacht cultúir', seisiún FGL ar an Deisceart Domhanda curtha i láthair ag léachtóirí ó líonra DICE don fhoireann i gCúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus sraith de cheardlanna a d'eagraigh DICE i gcomhar leis an Institiúid um Fhrithchiníochas agus Léann na nDaoine Gorma ar 'Conas Cine agus Ciníochas a Mhúineadh' agus ar ar fhreastail mic léinn IOM orthu.



## TOBAR i mbun ceiliúrtha mar gheall ar an rath atá air

Tacaíonn an tionscadal TOBAR le baill de Lucht Siuil na hÉireann chun bheith ina múinteoirí. Tháinig Miriam Colum i gcomharba ar Trevor Purtill mar chomhordaitheoir an Tionscadail agus thosaigh sí sa ról nua seo i mí na Nollag 2020.

D'ainneoin na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim COVID-19, ní dheachaigh an clár TOBAR ag Institiúid Oideachais Marino (IOM) ar gcúl. I gcaitheamh na bliana acadúla 2020/21, b'iomaí cúis cheiliúrtha a bhí ann. Chríochnaigh ár gcéad bheirt mhac léinn TOBAR a gcuid oideachais tosaigh múinteoirí.

D'éirigh le mac léinn amháin ó IOM ina cuid scrúduithe agus tá post faighte aici i nGaelscoil. Bhain mac léinn eile céim amach mar mhúinteoir iar-bhunscoile ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus thosaigh sé ag obair ag deireadh mhí Lúnasa. Fanaimid i dteagmháil leis na múinteoirí nua-cháilithe seo agus tacaímid leo ina róil nua.

Chuir beirt mhac léinn nua tús leis an gclár Máistir Ghairmiúil san Oideachas i mí Mheán Fómhair agus bhí siad in ann teacht ar an gcampas de réir mar a mhaolaigh na srianta. Chuaigh mac léinn eile ar aghaidh chuig bliain a dó den chlár PME. D'fhoilsigh Miriam agus mac léinn ar an gclár araon alt a thug léargais ar an saol le linn na paindéime agus a léirigh an chaoi ar tháinig pobal IOM le chéile le linn tréimhse a bhí ait agus deacair araon.

Agus 'Comhrá ar COVID-19: dearcadh ar chúram, ar chaidrimh agus ar chultúr le linn na paindéime ó oideachasóir múinteora agus o dhuine de Lucht Siúil na hÉireann' mar theideal air, tá an páipéar seo ar fáil ar rochtain oscailte ag:

**https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/03323315.2021.1916560**

Tá TOBAR i mbun plé leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le comhpháirtithe bainteach le PATH 1, Céim a dó, rud a bhogfaidh an tionscadal ar aghaidh chuig céim nua iontach spreagúil.

## EKT Erasmus + Tionscadal

Lean an Dr Alison Egan ar aghaidh lena cuid oibre ar an tionscadal maoinithe um Eolas Oideachais a Aistriú i gcaitheamh 20/21 agus chuir sí torthaí Chéim I i láthair ag comhdhálacha ESAI agus SITE le linn na bliana a d'imigh tharainn. Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin an tionscadal ag **https://ektproject.eu/**.

Dhírigh Céim I den tionscadal ar anailís dhoiciméadach ar na cineálacha cur chuige éagsúla maidir le socrúchán scoile sa tír ina raibh gach comhpháirtí tionscadail. Rinneadh an anailís seo ar mhaithe le hardán socrúcháin scoile chomhroinnte ar líne a chruthú a thacóidh le baill foirne agus le mic léinn beag beann ar cén áit ina bhfuil siad ag aon am faoi leith.

Déanfaidh an t-ardán EKT idirghabháil ar gach cumarsáid agus cuirfidh sé 'spás comhroinnte' ar fáil do gach ball de thrí cinn an tsocrúcháin teagaisc, lena n-áirítear teagascóirí ollscoile, mic léinn agus meantóirí scoile. Díreoidh Céim II den tionscadal ar an ardán EKT a leathnú amach ar bhonn céimneach chuig iadsan bainteach le céim phíolótach an tionscadail.

Cuireadh de chúram ar IOM gach céim den tionscadal a mheas, agus leanann an Dr Alison Egan uirthi ó thaobh tuairisc a thabhairt ag cruinnithe tionscadail idirnáisiúnta in aghaidh na ráithe. Chuir COVID moill bheag ar an tionscadal, agus gan aon chruinniú ina raibh daoine i láthair go pearsanta curtha ar siúl ó mhí Eanáir 2020 i leith, cruinniú a reáchtáladh in Santiago de Compostela, sa Spáinn.

Fós féin, tá an tionscadal ag dul ar aghaidh go mear agus baineadh amach na spriocanna ar féidir iad a bhaint amach, i gcaitheamh na bliana acadúla 20/21 ar fad.

EDUCATION KNOWLEDGE TRANSFER

## Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha

Bhain 40 múinteoirí ó 28 tír éagsúil ar fud an domhain teastas amach ón dara Nasc-Chlár, ag searmanas bronnta teastais a reáchtáladh go cianda ar an 8 Nollaig 2020. Ba í an chéad uair i ar cuireadh imeacht measctha dá leithéid ar siúl san Institiúid Oideachais Marino.

Agus é curtha ar siúl i Marino, ba iad an tUachtarán, an tOllamh Teresa O'Doherty, Ceann na Roinne, an Dr Rory McDaid agus Bainisteoir Tionscadal an MTP, an Dr Garret Campbell, a chuir an t-imeacht i láthair sa chaoi is go raibh an scaradh sóisialta i bhfeidhm mar is cuí, agus an tAire Oideachais agus Scileanna, Norma Foley, mar aoi speisialta fad is a d'fhreastail na múinteoirí ar an imeacht trí 'zoom-áil' isteach.

Labhair Amel Benfriha. atá ag obair mar mhúinteoir corpoideachais anois i gColáiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigínin i mBaile Átha Cliath leis an tionól agus dúirt:

"Is mór an tairbhe a fuair mé ón gclár agus áis iontach faisnéise is ea é ó thaobh poist mhúinteoireachta a fháil in Éirinn. Molaim d'aon mhúinteoir atá i mbun páirt a ghlacadh sa chlár i mbliana leas a bhaint as agus níos mó a fhoghlaim faoi chóras oideachais na hÉireann. Creidim gur iontach an deis é an clár do na múinteoirí ar fad a bhain céim amach thar lear chun tús a chur lena ngairm bheatha mhúinteoireachta in Éirinn."

Ba é Nasc-Chlár 2020/2021 an tríú ceann dá leithéid, agus faoi dheireadh an Naisc-Chúrsa i mí an Mheithimh 2021 bhí líon na gcéimithe méadaithe go dtí beagnach 120. Léiríodh spéis sa chlár seo ar scála nach bhfacthas riamh cheana agus breis is 1200 iarratas ag lorg a thuilleadh eolais faoi curtha isteach chuig an Oifig MTP. D'éirigh le 48 Múinteoir Inimirceach a chuir iarratas isteach.

Ba as 34 tír faoi leith ó gach cearn den domhan na hiarratasóirí ar éirigh leo agus is múinteoirí cáilithe iad ar fad atá ag iarraidh tús nua a chur lena ngairm bheatha arís sa tír inar tháinig siad chun cónaithe le déanaí. Agus Nasc-Chlár 2020/2021 ag teacht chun críche, chuir 10 múinteoir ón ngrúpa in iúl dúinn gur éirigh leo post múinteoireachta a fháil don scoilbhliain seo chugainn.

Sheol an MTP Líonra Scoile oifigiúil chun tacaíocht a thabhairt do Mhúinteoirí Imirceacha agus iad sa tóir ar thaithí scoile agus fostaíochta, agus do scoileanna, le linn dóibh tacú le Múinteoirí Imirceacha agus iad ag tabhairt aghaidh ar na bacainní cultúrtha atá roimh na múinteoirí seo i láthair na huaire. Chuir foireann Iniúchta ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tús le hiniúchadh seachtrach ar an Tionscadal um Múinteoirí Imirceacha, thar ceann Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht an AE (AMIF), go déanach in 2020 agus críochnaíodh é in Eanáir 2021.

D'aithin an t-iniúchóir go raibh dul chun cinn nach beag déanta ag an tionscadal in ainneoin na ndúshlán a bhí ann de bharr COVID-19, agus moladh obair na foirne.



**Aire Norma Foley,**
**Aire Oideachais agus Scileanna.**



**Aire Roderic O'Gorman,**
**An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.**

## LeCoLe - Foghlaimeoirí mar Chomh-Chruthaitheoirí dá gCuid Foghlama Féin

D'éirigh leis an Dr Aimie Brennan agus an Dr Colleen Horn maoiniú a fháil do thionscadal nua dar teideal " Foghlaimeoirí mar Chomh-Chruthaitheoirí dá gCuid Foghlama Féin (LeCoLe) mar chuid de chuibhreannas idirnáisiúnta de chomhpháirtithe.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal iniúchadh a dhéanamh ar thaithí agus ar dhea-chleachtas na dtíortha comhpháirtíochta maidir le tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na bhfoghlaimeoirí (idir dhaltaí agus mhúinteoirí) i bpleanáil, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú an phróisis foghlama le go mbeidh siad ina gcomhchruthaitheoirí dá gcuid foghlama féin laistigh de phróiseas d'fhoghlaim chomhoibríoch.

Agus é 29 mí ar fhad, tá an tionscadal chomhaoinithe ag tionscadail Erasmus+, agus comhordaithe ag an Lárionad Náisiúnta um Ábhar Oideachais (An Laitvia), i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino (Éire), Ionad Forbartha Oideachais (An Laitvia); an Aireacht Oideachais agus Eolaíochta (an Phortaingéil), an Institiúid Eorpach Oideachais & Foghlama (an Ghréig) agus Ollscoil na hÍoslainne (an Íoslainn).

Tháinig foireann an tionscadail le chéile roinnt uaireanta i rith 2020 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haschuir oideachais a fhorbairt. Beidh foireann IOM i gceannas ar shraith de Phodchraoltaí dar teideal "Foghlaimeoirí mar Chomh-Chruthaitheoirí dá gCuid Foghlama Féin" a bhfuil sé mar aidhm aici eolas agus tuiscint a mhéadú ar an iliomad modhanna teagaisc agus foghlama atá ann a thacaíonn le rannpháirtíocht ghníomhach na bhfoghlaimeoirí sa phróiseas foghlama agus i gcomhthéacsanna éagsúla.

Cuirfidh an tionscadal cartlann dhigiteach ar fáil freisin maidir le comhchruthú sa phróiseas teagaisc-foghlama laistigh agus lasmuigh den seomra ranga agus beidh ar a laghad cúig fhíseán teagaisc nó podchraoltaí mar aon le tacar d'uirlisí teagaisc. Roinnfear an chartlann le hoideachasóirí ar fud an domhain.

## Erasmus+ Tionscadal Taighde: Ag Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht sa Teagasc (SiDiT)

Tá Miriam Colum, an Dr Aiveen Mullally, an Dr Maja Haals Brosnan, an Dr Barbara O'Toole agus Sorcha Browne Byrne ag obair i gcomhar ar thionscadal taighde trí bliana Erasmus+ le comhpháirtithe Eorpacha ón Iodáil, ón nGréig, ón gCróit agus ón mBeilg.

Tá an SiDiTproject ag cur acmhainní agus deiseanna oideachais ar fáil do mhúinteoirí ar fud na hEorpa mar spreagadh chun teagasc níos cuimsithí a ghlacadh chucu féin, go háirithe i leith mic léinn a bhfuil cúlra imirceach acu. Féach **https://www.siditproject.eu/** le haghaidh tuilleadh eolais.

## Litearthacht agus feasacht fóineolaíochta

Bronnadh Gradam Scoláire Fulbright ar an Dr Jennifer O'Sullivan ó Roinn an Bhéarla in 2021. Tá sí ina huachtarán ar Chumann Litearthachta na hÉireann (Samhain 2020-Samhain 2021) agus tá sí ina ball den Ghrúpa Stiúrtha Taighde de Chónaidhm na gCumann Litearthachta Eorpach (FELA). Foilsíodh i mbliana freisin a clár um fheasacht san fhóineolaíocht A Sound Beginning for Reading (Baile Átha Cliath: CJ Fallons) a d'eascair óna staidéir dhochtúireachta.

Bhí baint ag Jennifer le go leor seimineáir ghréasáin idir Meán Fómhair 2020 agus Iúil 2021 thar ceann Chumann Litearthachta na hÉireann agus Ionaid Oideachais ar fud na tíre. Rinne sí cur i láthair ag comhdháil ESAI ar 'Phonemic Awareness and Early Reading Interventions' agus chuir an Dr Seán Delaney agallamh uirthi dá phodchraoladh móréilimh Inside Education. I mbliana fuair Jennifer deontas de €15,000 freisin ó Fhiontraíocht Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun uirlis dhigiteach scagthástála agus monatóireachta na luathlitearthachta a fhorbairt.

## Leabhair is oideachas i rith COVID-19

Bhí an Dr Marie Whelton ó Roinn na Gaeilge ina hAoi-Eagarthóir ar eagrán speisialta den iris phiarmheasúnaithe, COMHARTaighde a foilsíodh ar líne (https://comhartaighde.ie/eagrain/6/). Foilsíodh leabhar do pháistí, *Dún Do Shúile* (https://comhar.ie/leabhair/dun-do-shuile/), a scríobh sí i gcomhar leis an maisitheoir, Frank Endersby, in 2021 agus fuair sé léirmheasanna dearfacha ó Children's Books Ireland.

Agus í ina cathaoirleach ar Choiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge, in 2021 tugadh cuireadh do Marie comhoibriú a chomhordú le Cumann Náisiúnta Bíobla na hÉireann chun Bíobla Gaeilge de mhéid staidéir a fhoilsiú agus tá an obair sin fós ag dul ar aghaidh. I measc bhuaicphointí eile 2020-2021 do Marie bhí teagasc ar, agus comhphleanáil i gcomhar le léachtóirí ar an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge agus oibriú lena chinntiú go mbeadh iarrthóirí SCG/OCG in ann tabhairt faoi Riachtanas na Gaeilge le linn na paindéime.

## Suirbhéanna Mac Léinn

Bhí an Suirbhé Mac Léinn ar siúl ón 8 - 28 Feabhra 2021 agus bhí sé oscailte do gach fochéimí sa chéad bhliain agus sa cheathrú bliain agus do gach mac léinn iarchéime. Faoi dheireadh na hoibre allamuigh in 2021 bhí ráta freagartha deiridh de 49.7% againn, sin an dara ráta freagartha is airde sa tír. Tá sé seo 8.7% níos airde ná an ráta freagartha a bhí againn do 2020 agus bhí IOM ar cheann de líon beag Institiúidí Ardoideachais a bhain méadú amach ar rátaí freagartha in 2021.

In ainneoin na corraíola le dhá bhliain anuas, fuarthas amach i dtorthaí 2021 ar Student Survey.ie go ndúirt 93% de mhic léinn IOM dá bhféadfaidís tosú arís sa choláiste, is cinnte nó is dócha go rachfaidís go Marino arís. Agus tháinig ardú beagnach 5 phointe (as 60) ar an táscaire "timpeallacht thacúil" in 2021 ar 2020, rud a dhearbhaíonn an chaoi a dtugann IOM mar phobal aire dár gcuid mac léinn agus an chaoi a dtugann mic léinn é sin faoi deara.



# Daoine Ag Dul Ar Scor Agus Ceapacháin



Tháinig an **Dr Maja Haals Brosnan** i gceannas ar an Roinn Ealaíon, Mata, Corpoideachais agus Oideachas na Luath-Óige i Meán Fómhair 2020.



Ceapadh an **Dr Aimie Brennan** ina Ceann ar an Roinn Beartais agus Cleachtais agus ina Comhordaitheoir ar na Cláir Mháistreachta san Oideachas i mí an Mheithimh 2021.



Bhain an Dr Anne Ryan leas as sos gairme do 2020-2021 agus ceapadh an **Dr Aiveen Mullally** ina Ceann Gníomhach ar an Roinn Cuimsiú, Oideachais Reiligiúin agus Saol na Mac Léinn i Meán Fómhair 2020.



Nuair a chuaigh Craig Larner ar scor, ceapadh **Cian Mackey** mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Uachtarán um Sheirbhísí Gairmiúla i mí na Samhna 2020.



Nuair a chuaigh Niall O'Neill ar scor i mí na Samhna 2020, chuireamar fáilte roimh **Róisín Sullivan** mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

## Daoine ag dul ar scor

Chuaigh an tUasal Craig Larner, Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Uachtarán um Sheirbhísí Gairmiúla agus an tUasal Niall O'Neill, Bainisteoir Acmhainní Daonna ar scor i mí na Samhna 2020. Thosaigh Craig le IOM ar an 1 Bealtaine 2001 agus thosaigh Niall ag obair linn sa bhliain 2005.

I measc na gcomhghleacaithe eile a chuaigh ar scor bhí Irene Kelly a thosaigh ag obair san Fhoireann Chláraithe ag IOM sa bhliain 1999, agus a thug lámh chúnta le déanaí san Oifig Oideachais, chomh maith leis an Dr Anne Ryan a thosaigh le IOM i Meán Fómhair 2004 agus a stiúir an fhorbairt a rinneadh ar na cláir speisialta oideachais agus ionchuimsitheachta ar ár gcláir fochéime. Chuaigh Anne agus Irene ar scor i samhradh 2021.

Is go fial a roinn ár gcomhghleacaithe a gcuid ama ó thaobh cur le saol agus le gníomhaíocht na hInstitiúide. Cé nach rabhamar in ann slán croíúil a fhágáil leo mar ba mhian linn mar gheall ar shrianta COVID, rinne baill foirne deimhin de, mar fhoireann agus ina nduine agus ina nduine, go bhfuil fios maith acu go mbeidh cumha ar gach duine ina ndiaidh.

## Bronnadh na gCéimeanna

De dheasca COVID-19, ní raibh na searmanais bronnta céimeanna ar siúl i Mí na Nollag 2020 mar is gnáth. In ionad sin, chuir IOM imeacht léirithe measa ar siúl ar líne inar léiríodh ómós do na céimithe as ucht a gcuid staidéir a chríochnú. Lena chois sin, bronnadh na gradaim seo a leanas:

Bronnadh Gradaim do Chéimithe ar an Dr Máire O'Keefe agus ar Aoife Nic Mhánais.

| Gradam | Daoine ar Bronnadh Gradam Orthu |
|---|---|
| **Gradam Carlisle & Blake, Bronnta ag an Roinn Oideachais** | Kayleigh Mooney, BEd 4 |
| **Bonn Vere Foster Medal, bronnta ag an INTO** | Ciara Niamh Lane, BEd 4<br>Neasa Byrd, PME 2 |
| **Bonn Óir an Choláiste** | Amy Cassidy (BEol i Léann an Oideachais)<br>Rachel Keane (BEd)<br>Katie-Jayne O'Neill (BEd)<br>Miriam Reidy (BEol i Léann Oideachais Luath-Óige)<br>Courtney Shaw B.Eol. (BEol i Léann Oideachais Luath-Óige) |
| **Gradam na Gaeilge** | Paul Brennan (BEd 4)<br>Holly Anne Feeney (BEd 4) |
| **An Chéad Áit sa Ghaeilge** | Jeanette Kiernan (BEd 4) |
| **Gradam Plunkett Nolan** | Courtney Shaw B.Eol. (BEol 4 i Léann Oideachais Luath-Óige) |
| **Gradam Eamonn Rís** | Christopher Dyas (BEol 4 i Léann an Oideachais) |
| **An Bonn Ealaíon** | Shauna Cullen (BEd) |



Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Instititiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*


**FÁILTIÚ**
01 805 7700

**OIFIG IONTRÁLA**
01 805 7742 | admissions@mie.ie

**OIFIG ROCHTANA**
01 805 7752 | access@mie.ie

marinoinstituteofeducation
@MarinoInstitute
marino-institute-of-education

www.mie.ie
www.tcd.ie

**CÓIRÍOCHT AN CHAMPAIS**
01 254 2248
mie@eber.life


Cúrsaí céime agus Dioplóma a thairgeann. Tá Institiúid Oideachais Marino creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin